PCSA

Údarás Póilíneachta
& Sábháilteachta Pobail

Policing & Community
Safety Authority

Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail

# Tuarascáil Bhliantúil

## 2025



# Clár Ábhar

**Leathanach**


| | |
|---|---|
| Brollach ón gCathaoirleach | 1 |
| Athbhreithniú ón bPríomhfheidhmeannach ar an mBliain | 3 |
| 1. Cé Sinn | 5 |
| 2. Próifíl Chomhaltaí an Údaráis | 7 |
| 3. Na Nithe a Dhéanaimid | 11 |
| 4. Ár gCuid Oibre sa bhliain 2025 | 13 |
| 5. Príomh-gharspriocanna sa bhliain 2025 | 19 |
| 6. For-rochtain agus Caidreamh | 24 |
| 7. Sábháilteacht Pobail agus PCSA | 25 |
| 8. Struchtúr agus Rialachas PCSA | 27 |
| 9. Conas a Oibrímid | 30 |
| 10. Faisnéis Airgeadais 2025 | 42 |
| 11. Ráiteas an Chathaoirligh faoi Rialú Inmheánach | 47 |
| 12. Gníomhú ar son na hAeráide agus Úsáid Fuinnimh 2025 | 52 |

# Brollach ón gCathaoirleach

Ba é a bhí anseo ná bliain shuntasach agus fhoirmitheach don Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail (PCSA). Leis an gcéad tuarascáil bhliantúil seo, tugtar deis domsa, mar Chathaoirleach, an eagraíocht a chur i láthair agus breac-chuntas a thabhairt ar ár gcuid oibre le linn na tréimhse tábhachtaí seo den bhunú. Ó mo thaobhsa de, bhí luas agus scála na hoibre sin dúshlánach agus fiúntach araon.

Le cruthú PCSA, tugadh dhá eagraíocht le chéile – an tÚdarás Póilíneachta agus Cigireacht an Gharda Síochána. Mar thoradh ar an gcumasc sin, tá eintiteas ann atá uathúil i measc comhlachtaí formhaoirsiúcháin póilíneachta san Eoraip, áit a gcomhcheanglaítear feidhmeanna formhaoirsiúcháin agus feidhmeanna iniúchta laistigh de chreat reachtúil aonair. Feidhmíonn an tÚdarás go neamhspleách agus a fheidhmeanna reachtúla formhaoirsiúcháin agus iniúchta á gcomhlíonadh aige.

Sa bhliain 2025, mar Údarás nuabhunaithe, bhí géarghá ann leis na struchtúir agus na córais a bhí ag teastáil chun tacú lenár gcuid oibre a chur i bhfeidhm. Éacht lárnach ba ea PCSA a bhunú ar bhonn reachtúil faoi reachtaíocht nua, lena n-áirítear glacadh go foirmiúil lena fheidhmeanna formhaoirsiúcháin agus iniúchta. Le linn na bliana, d'fhorbair an tÚdarás a shocruithe rialachais agus a chreataí oibríochtúla, rud a chuir ar a chumas a fhreagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh go héifeachtach. Chuir sé tús freisin lena chlár oibre reachtúil a chur i gcrích, agus an bhunsraith á leagan le haghaidh cur chuige níos comhtháite i leith formhaoirsiú póilíneachta. Tá neart le déanamh fós, ach tá bunsraith thábhachtach curtha i bhfeidhm anois.



Rinneadh an obair sin i dtimpeallacht a bhí dúshlánach agus ag athrú go tapa, agus í múnlaithe ag ionchais mhéadaitheacha an phobail agus ag cineál casta na saincheisteanna sábháilteachta pobail. Tá ár gcur chuige fréamhaithe i dtaithí ár n-eagraíochtaí oidhreachta agus in éiteas éisteachta — éisteacht le pobail faoi na rudaí a theastaíonn uathu ó sheirbhísí póilíneachta, agus leo siúd a sholáthraíonn na seirbhísí sin.

Gné shainiúil eile de PCSA is ea a ról laistigh de mhór-chomhthéacs sábháilteachta pobail. Aithnítear sa reachtaíocht nach féidir leis an bpóilíneacht amháin sábháilteacht inár bpobail a sholáthar. Sa bhliain 2025, rinne an tÚdarás caidreamh leis an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail agus bhuail sé le Cathaoirleach agus ionadaithe na chéad Chomhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla a bunaíodh sa tír riamh. Trí thacú le comhoibriú ilghníomhaireachta agus trí fheidhmíocht an Gharda Síochána a thuiscint laistigh den mhór-chomhthéacs sin, tá fíoracmhainneacht ann aghaidh a thabhairt ar an-chuid de na dúshláin chasta atá roimh phobail.

Tá an phóilíneacht dinimiciúil agus dian. Le linn na bliana, rinne an tÚdarás caidreamh le Coimisinéir an Gharda maidir le raon leathan saincheisteanna, lenar áiríodh póilíneacht infheicthe, maoirseacht, iompar

agus araíonacht, drochúsáid baile, agus foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe. Chomh maith leis sin, rinne an tÚdarás caidreamh go díreach i stáisiúin de chuid an Gharda Síochána, le sainaonaid, agus le pobail ar fud na tíre chun bonn eolais a chur faoina chuid oibre. Tá méid an chaidrimh sin leagtha amach níos déanaí sa tuarascáil seo, agus tá an tÚdarás buíoch as an am, as an macántacht, agus as na léargais a cuireadh in iúl, ar nithe iad a bhíonn ag múnlú a chuid oibre fós.

Mar chomhlacht formhaoirsiúcháin, táimid tiomanta do thrédhearcacht, do chuntasacht agus d'fheabhas leanúnach. Tá ár gcuid oibre dírithe ar iontaoibh an phobail a neartú agus ar a chinntiú go bhfreastalaíonn an phóilíneacht go héifeachtach ar gach pobal.

> Le cruthú PCSA, tugadh dhá eagraíocht le chéile – an tÚdarás Póilíneachta agus Cigireacht an Gharda Síochána. Mar thoradh ar an gcumasc sin, tá eintiteas ann atá uathúil i measc comhlachtaí formhaoirsiúcháin póilíneachta san Eoraip, áit a gcomhcheanglaítear feidhmeanna formhaoirsiúcháin agus feidhmeanna iniúchta laistigh de chreat reachtúil aonair

Ag féachaint chun cinn, tabharfaidh an tÚdarás tús áite do chur i gcrích a chláir reachtúil iniúchta, mar aon lena fheidhmeanna formhaoirsiúcháin a leabú tuilleadh agus leis an gcaidreamh le pobail agus le páirtithe leasmhara a neartú. Príomhdhíriú amháin a bheidh inár gclár iniúchta a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun tacú le feabhas a chur ar fheidhmíocht, ar chuntasacht, agus ar thrédhearcacht laistigh den Gharda Síochána. Beidh an tÚdarás soiléir agus daingean maidir le feidhmíocht póilíneachta a thabhairt chun cuntais nuair is gá. Tríd an obair sin, rannchuideoidh an tÚdarás le seirbhís póilíneachta a bheidh éifeachtach agus freagrúil agus a mbeidh iontaoibh ag an bpobal inti.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe san Údarás. Ba phribhléid í a bheith ag obair le daoine a bhfuil taithí agus saineolas chomh fairsing sin acu agus a dtacaíocht agus a dtiomantas a bheith agam agus an obair sin á déanamh againn. Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil le Helen Hall, ár bPríomhfheidhmeannach, agus lena foireann, a leanann a gcuid gairmiúlachta agus tiomantais de thacú le seirbhís póilíneachta atá gafa, éifeachtach agus ceartabhunaithe agus a chinntíonn sábháilteacht gach pobail a sholáthar. Tá an tÚdarás ag tnúth le leanúint den obair sin sa bhliain amach romhainn ar mhaithe le pobail níos sábháilte.



**Elaine Byrne, Cathaoirleach**
**31 Márta 2026**

# Athbhreithniú ón bPríomhfheidhmeannach ar an mBliain

Tréimhse atá iontach agus dian araon is ea an chéad bhliain d'aon eagraíocht nua ar bith. Bhíothas ag súil le bunú PCSA le tamall fada agus mar sin, faoin am a ritheadh an reachtaíocht, bhí cuid mhaith den obair ullmhúcháin taobh thiar de chumasc an Údaráis Póilíneachta agus Chigireacht an Gharda Síochána curtha i gcrích. Is é a bhí san éascaíocht lenar cumascadh an dá eagraíocht agus lenar bunaíodh bealaí nua oibre, cultúr nua agus caidrimh oibre láidre ná fianaise ar an gcomhar luath sin a rinneadh roimh ár mbunú an 2 Aibreán 2025. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann an Údaráis Póilíneachta agus le foireann Chigireacht an Gharda Síochána agus le Mark Toland, an t-iarPhríomhchigire, as an bhfuinneamh agus an díograis a tugadh chun go n-éireodh leis an gcumasc.

Ba ar a aithint gur eintiteas nua é PCSA a bhí an bhéim inár n-ullmhúchán agus inár gcuid oibre ó shin i leith. Cé go rabhamar ag tarraingt go mór ar thaithí a eagraíochtaí oidhreachta, ba é a bhí i gceist leis an mbliain 2025 ná ár mbealaí oibre a shainiú, ár straitéis do na trí bliana amach romhainn, agus ár bPlean Gnó a chinneadh, rud lena dtabharfaí éifeacht don fhís straitéiseach a leag an tÚdarás nua amach.

Bhí sé, agus tá sé fós, mar phríomhdhíriú againn a chinntiú go sealbhaíonn an eagraíocht na scileanna agus an taithí, an bonneagar teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) agus na saoráidí is gá chun ár sainchúram reachtúil a chomhlíonadh go héifeachtach. Bhí sé sin fíor freisin maidir lenár struchtúr eagraíochtúil a bhunú, rud a léiríonn ann féin ár gcur chuige mar eagraíocht agus fairsinge ár sainchúraim reachtúil. Tá ár gcuid oibre eagraithe timpeall ar cheithre phríomhcholún. Is é atá sa chéad phríomhcholún ná straitéis, taighde agus léargais, rud a léiríonn ár ról reachtúil maidir le taighde a dhéanamh, le caighdeáin phóilíneachta a chur chun cinn, agus le feasacht ar nithe póilíneachta a chur chun cinn i measc an phobail. Is é atá sa dara príomhcholún ná soláthar formhaoirsiúcháin a dhíríonn ar mheasúnú feidhmíochta agus ar iniúchadh ar phóilíneacht. Is é atá sa tríú príomhcholún ná for-rochtain agus caidreamh, rud a dhíríonn ar an bhfonn atá orainn éisteacht le heispéiris na bpobal ar a seirbhís póilíneachta agus a dhíríonn ar ár bhfeidhm cumarsáide chun feasacht a mhúscailt ar phóilíneacht agus chun trédhearcacht a chur lenár gcuid oibre. Is é atá sa cheathrú príomhcholún ná seirbhísí gnó, rud a thacaíonn le hobair ár n-eagraíochta agus a chumasaíonn í. Sa bhliain 2025, tháinig méadú ar ár líon foirne agus, dá réir sin, ar ár gcumas chun éifeacht a thabhairt don acmhainneacht atá ann i gcumhachtaí agus oibleagáidí an Údaráis faoin Acht.



Is ann fós do réimsí atá le hiniúchadh agus le tuiscint go hiomlán, go háirithe ár gcuid oibre maidir le sábháilteacht pobail. Sa bhliain 2025, rinne mé ionadaíocht don Údarás ar an nGrúpa Stiúrtha um Shábháilteacht Pobail a bunaíodh faoin Acht. Gabhann leis an nGrúpa Stiúrtha acmhainneacht ollmhór le haghaidh obair ilghníomhaireachta ar féidir léi na saincheisteanna casta atá ann laistigh dár bpobail a aithint agus dul i ngleic leo.

> Cé go rabhamar ag tarraingt go mór ar thaithí a eagraíochtaí oidhreachta, ba é a bhí i gceist leis an mbliain 2025 ná ár mbealaí oibre a shainiú, ár straitéis do na trí bliana amach romhainn, agus ár bPlean Gnó a chinneadh, rud lena dtabharfaí éifeacht don fhís straitéiseach a leag an tÚdarás nua amach.

Ba bhliain iontach í 2025 agus tá PCSA réitithe go maith mar gheall uirthi. Is i bhfeidhm anois atá doiciméid bhunúsacha lena leagtar amach ár dtreo agus ár gcuid oibre sa bhliain 2026. Tá an struchtúr agus an soláthar foirne i bhfeidhm agus tá modhanna oibre bunaithe a bhainfidh leas as saineolas agus taithí ár bhfoirne. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach as a treoir, a tacaíocht agus a spreagadh agus le Comhaltaí an Údaráis as a dtacaíocht agus a bhfuinneamh. Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann as teacht slán as próiseas athraithe suntasach le dúthracht, le haoibh mhaith agus le gairmiúlacht.



**Helen Hall, Príomhfheidhmeannach**
**31 Márta 2026**

# 1 Cé Sinn

Bunaíodh an tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail an 2 Aibreán 2025 mar ghníomhaireacht reachtúil neamhspleách ar a bhfuil freagracht as formhaoirseacht a dhéanamh ar an nGarda Síochána. Tá sé comhdhéanta d'Údarás ina bhfuil naonúr comhaltaí, a fhaigheann tacaíocht ó fhoireann Feidhmiúcháin atá faoi stiúir Príomhfheidhmeannaigh. Is é an eagraíocht chomharba ar an Údarás Póilíneachta agus ar Chigireacht an Gharda Síochána é.

Tá sé mar chroíchuspóir ag PCSA formhaoirsiú agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána i dtaca le seirbhísí póilíneachta a sholáthar do phobail ar fud na hÉireann agus ar a chuid oibre le heagraíochtaí comhpháirtíochta chun sábháilteacht na bpobal sin a chinntiú. Déantar é sin ar na bealaí seo a leanas:

- **Tosaíochtaí Póilíneachta a Chinneadh** don Gharda Síochána – réimsí a dteastaíonn tuilleadh dírithe nó airde ina leith chun feabhas a chur ar an tseirbhís póilíneachta a sholáthraítear don phobal;
- **An fheidhmíocht póilíneachta a mheasúnú** i gcomparáid leis na Tosaíochtaí sin, le Plean Straitéiseach an Gharda Síochána agus lena Phlean Seirbhíse Bliantúil, agus leis an Straitéis Náisiúnta le haghaidh Sábháilteacht Pobail a Fheabhsú;
- **Cigireachtaí a ghabháil de láimh** agus moltaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar sheirbhísí póilíneachta;
- **Caidreamh a dhéanamh le pobail agus le geallsealbhóirí** chun éisteacht leis na heispéiris atá ag daoine sa phóilíneacht agus ina bheith dá bpóilíniú agus chun na heispéiris sin a thuiscint;
- **Cur chun cinn a dhéanamh ar chaighdeáin phóilíneachta** agus ar fheabhsú leanúnach na póilíneachta, ar aon dul leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus le caighdeáin um chearta an duine;
- **Feasacht agus tuiscint** ar nithe póilíneachta a chur chun cinn trí thuarascálacha a fhoilsiú, trí imeachtaí a reáchtáil agus trí thaighde a ghabháil de láimh; agus,
- **Eolas agus comhairle a thabhairt** don Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus do phríomh-gheallsealbhóirí eile maidir le nithe póilíneachta.

Leagtar amach sa Straitéis seo conas a chomhlíonfaimid na feidhmeanna sin faoi cheithre chuspóir straitéiseacha. Is féidir leat tuilleadh faisnéise a léamh faoin Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail agus coinneáil ar an eolas faoinár gcuid oibre anseo.

PCSA

# Is í ár bhfís ná seirbhís póilíneachta atá gafa, éifeachtach agus ceartabhunaithe agus a chinntíonn sábháilteacht gach pobail.

**Is é ár gcuspóir ná formhaoirseacht agus measúnú neamhspleách a dhéanamh ar an nGarda Síochána chun a chinntiú gurb éifeachtach, comhsheasmhach agus cóir a bhíonn na seirbhísí póilíneachta a sholáthraítear do gach pobal.**

## Oibreoimid ar bhealach:

- A sholáthróidh measúnú agus comhairle a bheidh cóir, macánta agus neamhspleách agus lena ndéanfar cothú agus cur chun cinn ar fheabhsuithe ar an bpóilíneacht;
- A gcuirfidh eispéiris na bpobal, go háirithe eispéiris na ndaoine is leochailí, agus eispéiris phearsana an Gharda Síochána i gcroílár ár bhformhaoirseachta;
- A bheidh trédhearcach, oscailte agus cuntasach faoin dóigh a ndéanaimid ár gcuid oibre agus faoin bhfianaise a úsáidimid;
- A gcomhoibreoidh le comhpháirtithe agus le geallsealbhóirí chun seirbhísí póilíneachta a fheabhsú agus chun sábháilteacht pobail a chur chun cinn chun leasa ár bpobal; agus,
- A gcinnteoidh go n-oibreoimid go héifeachtúil agus go gcomhlíonfaimid na caighdeáin is airde mar chomhlacht formhaoirseachta, mar chomhlacht poiblí, agus mar fhostóir.

# 2 Próifíl Chomhaltaí an Údaráis

Foráiltear leis an Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, maidir le naonúr Comhaltaí san iomlán, eadhon Cathaoirleach agus ochtar gnáth-Chomhaltaí, a bheith ag an Údarás. Tá comhdhéanamh an Údaráis ar aon dul leis an gcuspóir reachtúil go mbeadh ceathrar fear ar a laghad agus ceathrar ban ar a laghad ar an Údarás. Ceaptar Comhaltaí ar feadh téarma trí bliana nó ceithre bliana agus an fhéidearthacht ann iad a athcheapadh ar feadh téarma breise, faoi réir uastéarma ocht mbliana. Ba é an Rialtas a roghnaigh an Cathaoirleach agus Comhaltaí an Údaráis lena gceapadh tar éis próiseas State Boards ar reáchtáil Poistphoiblí é.

Ceanglaítear leis an Acht gur cheart do Chomhaltaí an Údaráis taithí, cáilíochtaí, oiliúint nó saineolas agus eolas atá cuí a bheith acu i réimsí a bhaineann leo seo a leanas:

- Seirbhísí póilíneachta;
- An córas ceartais choiriúil;
- Cearta an duine, comhionannas agus éagsúlacht;
- Seirbhísí d’íospartaigh na coireachta;
- Cúram sláinte, seirbhísí do leanaí agus seirbhísí sóisialta;
- Feabhas a chur ar shábháilteacht pobal, lena n-áirítear trí chomhoibriú idirghníomhaireachta agus trí chaidreamh leis an bpobal chun cosc ar an gcoireacht agus cosc ar dhochar do dhaoine aonair, go háirithe iad sin atá leochaileach nó i mbaol, a chur chun cinn;
- Riarachán earnála poiblí;
- Gnó agus nuálaíocht;
- Bainistíocht boird agus rialachas corparáideach;
- Cosaint sonraí; agus
- Bainistíocht airgeadais agus, go háirithe, acmhainní airgeadais a leithdháileadh agus a bhainistiú agus cuntasacht as úsáid éifeachtach na n-acmhainní sin.

Faigheann an tÚdarás tacaíocht ón bhFoireann Feidhmiúcháin, atá comhdhéanta de chroífhoireann a bhfuil Helen Hall, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, i gceannas uirthi.



## Elaine Byrne (Cathaoirleach)

Abhcóide cleachtach i gCuaird an Oirdheiscirt agus i gCuaird Bhaile Átha Cliath a dhéanann speisialtóireacht sa Dlí Rialála agus sa Dlí Fostaíochta is ea Elaine Byrne.

D'fhóin Elaine mar chomhalta den Údarás Póilíneachta ó mhí an Mhárta 2021 i leith agus d'fhóin sí mar Chathaoirleach an chomhlachta sin ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 1 Aibreán 2025. Ghníomhaigh sí mar shainchomhairleoir ar nithe rialachais don Choimisiún Eorpach, do na Náisiúin Aontaithe agus don Bhanc Domhanda roimhe seo. Foilsíodh an leabhar uaithi dar teideal "Political Corruption in Ireland 1922-2010: A Crooked Harp", sa bhliain 2012. D'fhóin sí mar chomhalta de Ghrúpa Athbhreithnithe Hamilton ar Choireacht Eacnamaíoch agus Éilliú agus mar chomhalta den Ghrúpa Oibre um Athchóiriú de chuid an tSeanaid.



## Joe Costello

Tá Joe Costello ina iarchomhalta den Oireachtas (1989 go 2016). Le linn na tréimhse sin, d'fhóin sé mar Sheanadóir, mar Theachta Dála (TD), agus mar Aire Stáit ar a raibh freagracht as Trádáil agus Forbairt ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha. D'fhóin sé mar Chomhairleoir ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath idir na blianta 1991 agus 2003 agus, níos déanaí fós, idir na blianta 2019 agus 2023 freisin. Mar Chomhairleoir Cathrach, bhí sé ina chomhalta de Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin, de Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath agus de Chomhchoiste Póilíneachta Chathair Bhaile Átha Cliath.



## Michael Feehan

Tá Michael Feehan ag obair ar conradh le blianta beaga anuas le hOifig na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí agus Coireacht i dtíortha éagsúla, lena n-áirítear Srí Lanca, an Téalainn, Laos, agus an Nigéir. Tá an obair sin dírithe ar chomhpháirtíochtaí a fhorbairt idir na póilíní agus an pobal, agus scríobh sé a thráchtas dochtúireachta ar an topaic sin.

Tar éis dó éirí as an nGarda Síochána sa bhliain 2012, d'oibrigh Michael mar Phríomhoifigeach Slándála d'Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath ón mbliain 2013 go dtí an bhliain 2017. Bhí sé ina Choimisinéir Cúnta de chuid an Gharda Síochána do Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (2009-2012) agus do Réigiún an Tuaiscirt (2008-2009) roimhe sin.



## Nessa Lynch

Tá Nessa Lynch ina hacadóir ag Scoil an Dlí ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus í ag déanamh speisialtóireacht sa dlí agus teicneolaíocht, póilíneacht, agus ceartas i leith an aosa óig. Cé gur as Corcaigh ó dhúchas di, chaith sí an chuid is mó dá gairm sa Nua-Shéalainn, go háirithe i ról acadúil. Shealbhaigh sí róil ard-iontaoibhe san eitic sonraí agus dearbhú teicneolaíochta san earnáil phoiblí, agus chuir sí comhairle ar raon cliant éagsúil san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí. Sular fhill sí ar ais ar an saol acadúil sa bhliain 2024, shealbhaigh sí post ardcheannaireachta i bPóilíní na Nua-Shéalainne, agus í ag plé le Coláiste Póilíní na Nua-Shéalainne agus le dearbhú cáilíochta oiliúna.



## Freda McKittrick

Cháiligh Freda McKittrick mar oibrí sóisialta sa bhliain 1985, agus chleacht sí sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Bhí sí ina ceann ar sheirbhís Caomhnóirí ad Litem Barnardo's ón mbliain 2000 go dtí an bhliain 2024. Leanann sí le hobair mar Chaomhnóir ad Litem agus mar oibrí sóisialta neamhspleách. Tá sí ina comhalta boird den Bhord um Chúnamh Dlíthiúil agus ina comhalta tuata den Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí.



## Martina Moloney

Bhí Martina Moloney ina hoifigeach gairme i Rialtas Áitiúil na hÉireann ar feadh tréimhse 37 mbliana. Ba iad na róil dheireanacha a bhí aici ná Bainisteoir Contae/Príomhfheidhmeannach i gContae Lú agus i gContae na Gaillimhe. Sealbhaíonn sí céimeanna Baitsiléara Ealaíon agus Máistir Ealaíon i mBainistíocht Phoiblí, mar aon le Dochtúireacht i Rialachas. Ó chuaigh sí ar scor, d'fhóin sí ar an gCoimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht don Rialtas Áitiúil agus ar roinnt gníomhaireachtaí stáit agus Coistí Iniúchóireachta. Tá sí ina Cathaoirleach ar an gComhairle Oidhreachta faoi láthair. Rinne sí cathaoirleacht ar an gcéad treoir-Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail ar an Longfort, rud a d'fhorbair an chéad Phlean Sábháilteachta Pobail.



## Tony O'Brien

Bhí Tony O'Brien ina Ard-Stiúrthóir ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) roimhe seo. Sula ndeachaigh sé i mbun an róil sin, bhí sé ina Phríomhchomhairleoir do FSS maidir leis an Straitéis Náisiúnta um Rialú Ailse a chur chun feidhme agus ina Chathaoirleach ar an mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse. Bhí sé ar an bPríomhfheidhmeannach bunaidh ar an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála. Sula ndeachaigh sé isteach in FSS, bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar Chumann Pleanála Clainne na hÉireann agus ar Chumann Pleanála Clainne na Ríochta Aontaithe. Tá sé ina Ollamh Taca Comhlach leis an Ionad um Beartas agus Bainistíocht Sláinte, i réimse na Sláinte Poiblí, ag Scoil an Leighis i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá Tony mar Chathaoirleach ar Safety Net Primary Care agus rinneadh Cathaoirleach ar Iontaobhas Peter McVerry de i mí na Bealtaine 2025. Scríobhann sé colún beartais sláinte go tráthrialta don Sunday Independent. Is Teicneoir Leighis Éigeandála cláraithe é Tony, agus oibríonn sé mar chéadfhreagróir éigeandála pobail leis an tSeirbhís Náisiúnta Otharchairr ar bhonn deonach.



## Ken O'Leary

Bhí Ken O'Leary ina oifigeach sinsearach de chuid na Roinne Dlí agus Cirt roimhe seo, áit ar oibrigh sé i raon leathan réimsí le linn gairm fhada, lena n-áirítear príosúin, athchóiriú an dlí, coireacht agus slándáil. Ceapadh mar Leas-Rúnaí, Ceartas Coiriúil, ar deireadh é. Bhí sé ina chomhalta den ghrúpa idir-rannach oifigeach a bhí freagrach as próiseas síochána Thuaisceart Éireann a chur ar aghaidh agus, sa chomhthéacs sin, rinne sé comhchathaoirleacht ar an ngrúpa oibre oifigeach sinsearach a bunaíodh faoin gComhaontú Idir-Rialtasach ar Chomhar maidir le Nithe Ceartais Choiriúil. Níos déanaí fós, d'fhóin sé ar an ngrúpa a bunaíodh faoi chathaoirleacht an Bhreithimh Onóraigh Michael Peart chun athbhreithniú a dhéanamh ar na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit.



## Emma Reidy

Tá Emma Reidy ag feidhmiú mar Phríomhfheidhmeannach Aoibhneas: Tacaíocht Drochúsáide Baile do Mhná agus do Leanaí ó bhí an bhliain 2012 ann. Le 20 bliain anuas, tá Emma ag déanamh obair íoctha agus dheonach d'eagraíochtaí neamhbhrabúis a thacaíonn le daoine soghonta atá thíos le striapachas, le handúil, le drochúsáid baile agus leis an easpa dídine.

Sealbhaíonn Emma céim (onóracha) baitsiléara in Eolaíocht Shóisialta, céim máistreachta i Léann Comhionannais, agus céim máistreachta i Riarachán Gnó. Tá cáilíochtaí breise aici i mBainistíocht Acmhainní Daonna, in Éascú Grúpaí, i Maoirseacht agus i gCóitseáil. Chuir sí dhá théarma isteach mar Stiúrthóir ar Safe Ireland, agus tá sí ina comhalta den Fhaireachlann Náisiúnta um Fhoréigean in aghaidh na mBan de chuid Chomhairle Náisiúnta na mBan.

# 3 Na Nithe a Dhéanaimid

Is é atá i bhformhaoirsiú ar fheidhmíocht an Gharda Síochána ná téarma leathan a fholaíonn modhanna éagsúla le haghaidh faireachán agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána.

Déanann PCSA breithniú agus cinneadh neamhspleách ar an modh/na modhanna formhaoirsiúcháin is cuí le haghaidh na réimsí póilíneachta a scrúdaíonn sé. Áirítear iad seo a leanas leis na modhanna formhaoirsiúcháin a úsáideann PCSA:

- **Cruinnithe le Coimisinéir an Gharda agus lena fhoireann shinsearach**
- **Tuarascálacha scríofa agus faisnéis scríofa a lorg ón nGarda Síochána**
- **Feidhmíocht an Gharda Síochána a athbhreithniú, lena n-áirítear í aathbhreithniú i gcomórtas le Pleananna Straitéiseacha agus Pleananna Seirbhíse Bliantúla an Gharda Síochána agus leis na Tosaíochtaí Póilíneachta arna socrú ag PCSA**
- **Caidreamh a dhéanamh le rannáin, aonaid náisiúnta agus pearsanra an Gharda Síochána**
- **Caidreamh a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus le pobail ar fud na tíre**
- **Iniúchtaí a sheoladh agus faireachán agus measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme moltaí ag an nGarda Síochána**
- **Breathnú ar chruinnithe rialachais an Gharda Síochána**
- **Plé le hábhar agus tuarascálacha iomchuí arna dtáirgeadh ag tríú páirtithe**
- **Taighde a dhéanamh**

## Cruinnithe an Údaráis

Tionólann an tÚdarás cruinniú iomlánach lae gach mí, seachas i mí Lúnasa. Bíonn cruinniú le Coimisinéir an Gharda agus lena chomhghleacaithe sinsearacha ann mar chuid de gach cruinniú. Ceanglaítear ar an Údarás leis an Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, líon nach lú ná ceithre chruinniú a thionól go poiblí le Coimisinéir an Gharda gach bliain. Déantar sceideal na gcruinnithe don bhliain a fhoilsiú roimh ré, agus léirítear air cé na cruinnithe atá le tionól go poiblí leis an gCoimisinéir. Ó am go chéile, tionólann an tÚdarás cruinnithe breise nó eisceachtúla, agus is féidir go n-áireofar leo sin cruinnithe leis an nGarda Síochána.

Idir mí Aibreáin agus mí na Nollag 2025, tháinig an tÚdarás le chéile ocht n-uaire san iomlán. Tháinig an tÚdarás le chéile le Coimisinéir an Gharda agus lena chomhghleacaithe sinsearacha ar gach ceann de na hócáidí sin. Tionóladh ceithre chruinniú leis an gCoimisinéir in ionad poiblí agus rinneadh sruthú beo orthu, rud a d'fhág go raibh an pobal agus na meáin in ann breathnú ar na himeachtaí. Rinne an tÚdarás dréachtchlár oibre le haghaidh cruinnithe a fhoilsiú ar a shuíomh Gréasáin seachtain amháin roimh an gcruinniú, agus foilsíodh miontuairiscí ceadaithe ar an suíomh Gréasáin freisin.

Rinne an tÚdarás soláthar do theacht le chéile go príobháideach le linn gach cruinnithe mhíosúil gan an Fhoireann Feidhmiúcháin a bheith i láthair, ós rud é gur measadh é sin a bheith ar an dea-chleachtas caighdeánach do bhoird/d'údaráis, agus baineadh leas as an soláthar sin sé huaire sa bhliain 2025. Comhaontaíodh ag cruinniú an Údaráis i mí an Mheithimh go ndéanfaí soláthar go dtiocfadh an tÚdarás le chéile go príobháideach mar ghnáthamh, mar ní dea-chleachtais, mar chuid de chruinnithe amach anseo.




*Cruinniú de chuid an Údaráis i gCaisleán Cnucha*

# 4 Ár gCuid Oibre sa bhliain 2025

Bhí ár bhfeidhmeanna reachtúla mar bhonn agus thaca ag ár gcuid oibre sa bhliain 2025, agus bhí ár bPlean Gnó don bhliain 2025 bunaithe ar na feidhmeanna sin dá réir. Bhí 36 ghníomh sa phlean ar fud ár bpríomhréimsí gnó, mar atá for-rochtain agus caidreamh, measúnú feidhmíochta, iniúchadh, seirbhísí gnó, agus straitéis agus taighde. Is é atá sa mhéid seo a leanas ná forbhreathnú achomair ar an gcineál oibre a rinneadh, a bhfuil roinnt gnéithe di leagtha amach ar bhealach níos mine amach san athbhreithniú.

## Bunú agus Cinneadh Doiciméad Bunúsach




Mar eintiteas nua, bhí sé riachtanach go ndéanfaí sraith doiciméad reachtúil a fhorbairt mar chuid den chéad bhliain a bhí PCSA ar an bhfód. Is iad na doiciméid sin scafall agus bunús cuid mhaith d'obair PCSA sna blianta amach romhainn. D'fhéadfadh gurbh é an t-am, an dua agus an méid mór oibre a cuireadh isteach chun iad a thabhairt chun críche an léiriú is fearr ar thábhacht na bpíosaí bunúsacha sin.

Ba iad sin na Tosaíochtaí Póilíneachta don Gharda Síochána, a bhain leas as na míonna a caitheadh i mbun teagmhála le daoine den phobal agus le comhaltaí agus baill foirne den Gharda Síochána ar fud na tíre. Is é PCSA a leagann síos na Tosaíochtaí don Gharda Síochána agus déanann sé amhlaidh thar ceann an phobail. Chonaic na reachtóirí a thábhachtaí atá sé go mbeadh na Tosaíochtaí don phóilíneacht á leagan síos ag comhlacht atá neamhspleách ar an eagraíocht póilíneachta. Cheadaigh an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce na tosaíochtaí ina dhiaidh sin.

D'oibrigh PCSA freisin sa bhliain 2025 chun a threo straitéiseach féin a bhunú do na trí bliana a bhí le teacht. Baineadh leas lena linn sin freisin as ionchur ó phobail agus ó pháirtithe leasmhara reachtúla. Féachtar leis an Ráiteas Straitéise a tháinig as sin le héifeacht a thabhairt dár n-oibleagáidí reachtúla ar an mbealach is fearr a bhfreastalaíonn ar an bpobal.

Chinn PCSA a chreat formhaoirsiúcháin freisin – rud ina ndéantar cur síos agus doiciméadú ar an dóigh a gcuirfidh sé faoi fhormhaoirsiú agus a ndéanfaidh sé é. Bhí sé sin tábhachtach chun a aithint gur eintiteas nua é PCSA, agus é ag tógáil ar thaithí a eagraíochtaí oidhreachta ag an am céanna. Soláthraítear leis an gcreat freisin trédhearcacht don phobal maidir leis na bealaí oibre laistigh de PCSA.

Agus ar deireadh, ba phríomhphíosa oibre é Plean Iniúchta don bhliain 2026 a fhorbairt, rud lenar measúnaíodh cé na réimsí den phóilíneacht agus na gnéithe de na réimsí sin a rachfaí chun tairbhe dóibh dá dtabharfadh an fheidhm iniúchta aird luath orthu.

## Caidreamh le Coimisinéir an Gharda

Cuid dhílis dár gcuid oibre maidir le feidhmíocht póilíneachta a mheasúnú thar ceann an phobail is ea an caidreamh míosúil idir an tÚdarás agus Coimisinéir an Gharda agus a fhoireann ceannaireachta sinsearaí. Sa bhliain 2025, ba go poiblí a tionóladh ceithre cinn de na hocht gcruinniú a tionóladh le Coimisinéir an Gharda. Tionóladh ceann amháin de na cruinnithe i Loch Garman, ar lena linn a díríodh ar shaincheisteanna póilíneachta sa limistéar sin. Déantar na cruinnithe sin a thionóltar go poiblí a shruthú go beo, agus tá siad ar fáil le hamharc siar orthu ar shuíomh Gréasáin an Údaráis.




*Justin Kelly, Coimisinéir an Gharda (sa lár), i dteannta Catharina Gunne, an Coimisinéir Cúnta (ar chlé), agus Paul Cleary, an Coimisinéir Cúnta Gníomhach (ar dheis).*

Is é atá sna cruinnithe a thionóltar go poiblí ná deis thábhachtach don phobal agus d'fhórsa saothair an Gharda Síochána féachaint ar na príomh-shaincheisteanna formhaoirsiúcháin atá á bplé agus iad a thuiscint. Gné thábhachtach d'éiteas PCSA is ea trédhearcacht san fhormhaoirsiú, mar aon lena ghealltanas d'fhormhaoirsiú a dhéanamh thar ceann an phobail. Tá tionchar ag na míreanna a pléadh ar fud na n-ocht gcruinniú, a tionóladh go poiblí agus go príobháideach, ar an tseirbhís a fhaigheann an pobal agus tá sé de chumas acu difear a dhéanamh do mhuinín an phobail as an bpóilíneacht – ar bhealach dearfach agus ar bhealach diúltach araon.

I measc na bpríomhthopaicí a pléadh le Coimisinéir an Gharda sa bhliain 2025 bhí póilíneacht pobail, póilíneacht infheicthe, agus an tseirbhís a sholáthraítear d'íospartaigh na drochúsáide baile agus an fhoréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe. Ina measc sin freisin bhí póilíneacht ar bhóithre agus, go sonrach, na saincheisteanna a tarraingíodh anuas i dTuarascáil Crowe ar Phóilíneacht ar Bhóithre, chomh maith le hiompar agus araíonacht laistigh den Gharda Síochána, cé na struchtúir agus na cleachtais atá i bhfeidhm chun éilliú laistigh den eagraíocht a chosc, tabhairt isteach feistí taser agus ceamaraí a chaitear ar an gcorp, mar aon le saincheisteanna a bhaineann le heispéireas na ndaoine sin atá ag obair laistigh den Gharda Síochána.

Is beag ceann de na saincheisteanna sin is féidir a réiteach go tapa nó ar féidir déileáil leo go tapa. Gné thábhachtach dár gcuid oibre is ea ár gcumas chun díriú a choinneáil ar thopaic thar thréimhse ama. Maidir le han-chuid de na topaicí a breithníodh sa bhliain 2025, amhail formhaoirsiú, iompar agus araíonacht, agus póilíneacht infheicthe, leanfaidh siad ar aghaidh mar réimsí dírithe a bheidh ríthábhachtach d'fheidhmíocht póilíneachta agus do mhuinín an phobail. Tabharfar na topaicí sin ar aghaidh inár gcuid oibre sa bhliain 2026.

Tá gealltanas tugtha ag an Údarás go ndéanfadh sé roinnt dá chruinnithe a thionól lasmuigh de Bhaile Átha Cliath gach bliain. Tá sé sin tábhachtach chun a chinntiú go mbeidh raon leathan eispéireas, ó gach cearn den tír, mar bhonn eolais faoin bhformhaoirsiú.

## Caidreamh leo siúd a Sholáthraíonn an tSeirbhís

Gné a bhí uathúil agus tábhachtach ag an am céanna dár gcuid oibre sa bhliain 2025 ba ea caidreamh fhoireann an Údaráis le comhaltaí agus baill foirne den Gharda Síochána ar fud na tíre. Tá sé sin bunaithe ar an aitheantas go bhfuil taithí uathúil agus léargais uathúla acu siúd a sholáthraíonn an tseirbhís i stáisiúin, i mbiúrónna agus in aonaid náisiúnta, rud ar féidir leis bonn eolais a chur faoinár bhformhaoirsiú agus faoinár gcaidreamh le lucht ceannaireachta an Gharda Síochána. Áirítear leis sin caidreamh mar bhreathnóirí ag cruinnithe feidhmíochta leis an lucht bainistíochta áitiúil laistigh de rannáin agus réigiúin an Gharda Síochána, agus cuairteanna ar stáisiúin chun labhairt le comhaltaí agus baill foirne den Gharda Síochána faoi dhúshláin áitiúla phóilíneachta agus faoi dhúshláin oibríochtúla dóibhsean mar phearsana.

## Caidreamh le Pobail

Gné eile dár gcuid oibre sa bhliain 2025 ba ea caidrimh a bhunú le raon leathan páirtithe leasmhara agus pobal chun a n-eispéireas ar phóilíneacht a thuiscint. Mar atá leagtha amach i rannán 6 den tuarascáil seo, bhí sé sin ar siúl ar fud na tíre agus is obair í a leanfaidh ar aghaidh ag leathnú sa bhliain 2026.

## Sábháilteacht Pobail

Ba é a bhí i gceist ar an gcéad dul síos leis an obair sa réimse seo sa bhliain 2025 ná iniúchadh a dhéanamh, agus tuiscint a ghnóthú, ar an ról atá ag PCSA maidir le sábháilteacht pobail. Áirítear leis sin conas is fearr is féidir leis caidreamh a dhéanamh leis na struchtúir nua a bunaíodh faoin Acht agus conas a d'fhéadfadh sé a chinntiú go mbeidh dearcadh sábháilteachta pobail mar bhonn eolais faoina chur chuige i leith formhaoirsiú agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht póilíneachta.  Mar chomhalta den Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail, d'oibrigh PCSA le páirtithe eile chun tacú leis an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail (an Oifig Náisiúnta) an reachtaíocht a aistriú ina gníomhaíocht phraiticiúil. Bhí forbairt Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla ar siúl sa bhliain 2025. Beidh siad sin ina mbealach eile ar a mbeidh an tÚdarás in ann gabháil do shábháilteacht pobail.

## Iniúchadh

Rinneadh a lán oibre sa bhliain 2025 chun an fheidhm iniúchta laistigh de PCSA a fhorbairt. Príomhéacht ba ea síniú an Mheabhráin Tuisceana idir PCSA agus an Garda Síochána, rud lena dtreoraítear an t-iniúchadh mar a shamhlaítear sa reachtaíocht. Rinneadh obair leantach freisin chun measúnú a dhéanamh ar an méid a cuireadh chun feidhme na moltaí a rinneadh roimhe sin don Gharda Síochána maidir le frith-éilliú agus maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a phóilíniú.



## Measúnú Feidhmíochta




Bhí measúnú ar fheidhmíocht ar siúl go leanúnach sa bhliain 2025, ar lena linn a tugadh tuarascálacha míosúla don Údarás agus a foilsíodh tuarascáil leath bliana ar fheidhmíocht póilíneachta, rud atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin PCSA.

## Bunú na hEagraíochta

Sa chéad bhliain den bhunú, bhí go leor oibre le déanamh chun baill foirne a earcú agus oiliúint a chur orthu, chun beartais nua a bhunú, chun nósanna imeachta airgeadais agus bonneagar TFC a bhunú, agus chun seirbhísí a sholáthar. Sholáthair an Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Gnó torthaí ar fud na hoibre sin sa bhliain 2025, agus chinntigh sí go mbeadh na dálaí ann, ó thaobh acmhainne agus acmhainní de, lena gcuirfí ar chumas na heagraíochta a hoibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh. Bhí a lán oibre le déanamh freisin chun feasacht a mhéadú ar PCSA mar eagraíocht nua trí chumarsáid agus trí fhor-rochtain.

## Éachtaí i gcomparáid leis an bPlean Gnó 2025

Amhail an 31 Nollaig 2025, bhí stádas ardleibhéil an Phlean Gnó ina rud lenar bhain éacht suntasach.

Mar atá le feiceáil sa ghrafaic ar dheis, bhí 26 cinn de na 36 ghníomh bainte amach ag deireadh na bliana. Áirítear iad seo a leanas leis na gníomhartha sin:

- Formhaoirsiú ar fheidhmíocht an Gharda Síochána;
- Cruinniú a reáchtáil maidir le saincheisteanna póilíneachta áitiúla i Rannán Loch Garman; agus,
- Measúnú a dhéanamh ar fhreagairt an Gharda Síochána don tuarascáil do Chigireacht an Gharda Síochána dar teideal 'Countering the Threat of Internal Corruption'.




## Stádas Ghníomhartha an Phlean Gnó 2025 ag Deireadh na Bliana

- **26: Bainte Amach**
- **8: Bainte Amach go Páirteach**
- **2: Gan a bheith Bainte Amach**

Rinneadh ocht ngníomh 'a bhaint amach go páirteach'.

Is é an chiall atá leis sin gur cuireadh obair shuntasach i gcrích ach go dteastaíonn tuilleadh oibre ar an ngníomh sna míonna tosaigh den bhliain 2026 chun é a bhaint amach go hiomlán.

Áirítear leis sin:

- Athbhreithniú iarchur chun feidhme a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú maidir le moltaí a bhaineann leis an dóigh a láimhseálann an Garda Síochána mí-úsáid ghnéasach leanaí, agus ár measúnú ar fheidhmíocht an Gharda Síochána sa bhliain 2025 a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú. Ní rabhthas in ann an obair ar an athbhreithniú iarchur chun feidhme a chur i gcrích sa bhliain 2025 toisc nach bhfuarthas na sonraí agus an tuairisciú ba ghá ón nGarda Síochána in am;
- Saineolas leordhóthanach ar chearta an duine agus saineolas gaolmhar leordhóthanach a chinntiú laistigh de PCSA. Cé go ndearnadh dul chun cinn maidir leis an acmhainn inmheánach, déanfar tuilleadh oibre ina leith sin sa bhliain 2026, lena n-áireofar comhairleoirí seachtracha um chearta an duine a cheapadh; agus
- Rinneadh dul chun cinn ar an gcaidreamh maidir le heispéiris an phearsanra den inscne bhaineann sa Gharda Síochána, ach tá athrú tagtha ar raon feidhme an chaidrimh sin tar éis plé idir an tÚdarás agus an Garda Síochána. Tá gníomh nuashonraithe ar áireamh i bPlean Gnó an Údaráis don bhliain 2026.

Ar deireadh, ba ann do dhá ghníomh a fágadh 'gan a bheith bainte amach' ag deireadh na bliana. Baineann an chéad ghníomh le cumas PCSA chun comhairleoirí seachtracha nó saineolaithe seachtracha a fhruiliú chun cabhrú leis a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Cé go raibh sé beartaithe painéal saineolaithe a bhunú sa bhliain 2025 chun cabhrú le gníomhaíocht iniúchta fhéideartha sa bhliain 2026, tá dóthain saineolaithe inmheánacha ag PCSA faoi láthair chun na réimsí a shainaithnítear sa Phlean Iniúchta don bhliain 2026 a chur i gcrích. Dá bhrí sin, cinneadh aon earcaíocht den sórt sin a chur siar agus athmhachnamh a dhéanamh ar an ngá atá le saineolaithe seachtracha den sórt sin a fhruiliú mar ullmhúchán d'iniúchtaí amach anseo.

Baineann an dara gníomh a fágadh 'gan a bheith bainte amach' le plean foghlama agus forbartha a sholáthar. Ní thugtar le fios leis an stádas sin nár cuireadh aon oiliúint ar fáil, toisc gur cuireadh raon leathan oiliúna aonair ar fáil ar fud na bliana. Mar sin féin, mar gheall ar shrianta acmhainne san fhoireann acmhainní daonna agus mar gheall ar an ngá a bhí le tús áite a thabhairt do bhaill foirne nua a earcú agus a ionduchtú, níor cuireadh plean ardleibhéil i gcrích. Is gníomh tosaíochta i bPlean Gnó 2026 é plean foghlama agus forbartha a fhorbairt.

# 5 Príomh-gharspriocanna sa bhliain 2025

**1**

Forbairt na dTosaíochtaí Póilíneachta 2026-2028

**2**

Forbairt Ráiteas Straitéise PCSA 2026-2028

**3**

Forbairt an chéad Phlean Iniúchta ó PCSA







*Comhairliúchán ar na Tosaíochtaí Póilíneachta i gCora Droma Rúisc*

## Forbairt na dTosaíochtaí Póilíneachta 2026-2028

Ceann amháin de na príomhfheidhmeanna atá ag PCSA maidir le formhaoirsiú agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána is ea an ról reachtúil chun Tosaíochtaí Póilíneachta don Gharda Síochána a chinneadh, le ceadú an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce.

Leis na Tosaíochtaí sin, leagtar síos cé na nithe nach mór don Gharda Síochána tús áite a thabhairt dóibh agus an aird is mó a thabhairt orthu chun na seirbhísí póilíneachta a chuirtear ar fáil do phobail a fheabhsú agus chun a sábháilteacht a chinntiú.

Tá trí Thosaíocht socraithe ag an Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail don tréimhse 2026-2028:



**Obair i gComhpháirt chun Freastal ar Riachtanais an Phobail**



**Seirbhís Chomhsheasmhach Thacúil Ardchaighdeáin a Sholáthar**



**Acmhainní Túslíne a Chumasú**

Is ann do sheacht bpríomhréimse atá leagtha amach faoi na Tosaíochtaí sin, mar aon leis na torthaí lena léireofaí go ndearnadh iad a chur i gcrích go rathúil. Díreoidh PCSA ar an dul chun cinn a dhéanfaidh an Garda Síochána ar na Tosaíochtaí, na príomhréimsí, agus na torthaí sin sna blianta atá amach romhainn. Déanfar athbhreithniú ar na Tosaíochtaí gach bliain freisin chun a chinntiú go mbeidh siad ábhartha agus oiriúnach don fheidhm fós.

### Conas a thángamar ar chinneadh ar na Tosaíochtaí seo

Soláthraíonn an Garda Síochána raon leathan seirbhísí don phobal, agus tá éilimh mhóra ann ar an eagraíocht. Ní féidir le gach rud a bheith ina thosaíocht, áfach, agus socraíodh na Tosaíochtaí seo i gcomhthéacs na nithe seo a leanas:

- Na hacmhainní atá ar fáil don Gharda Síochána faoi láthair, lena n-áirítear comhaltaí agus baill foirne, airgeadas, agus teicneolaíocht;
- An t-éileamh ollmhór póilíneachta a bheidh ar Éirinn nuair a bheidh Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh aici sa bhliain 2026; agus,
- An mhórthimpeallacht shochpholaitiúil agus eacnamaíoch.

Dá bhrí sin, b'eol do PCSA agus na Tosaíochtaí á bhforbairt aige go raibh a lán ábhair imní iomaíocha ann. Bhí an tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail ag iarraidh cloisteáil go díreach ó phobail agus ó phearsana atá ag obair sa Gharda Síochána chun a fháil amach cé na nithe is mó ar mhaith leo go gcuirfí ar áireamh iad. Chuige sin, áiríodh na nithe seo a leanas leis na gníomhartha a rinneadh:

- Comhairliúchán poiblí ar líne a fuair 3,794 fhreagra a reáchtáil;
- Bualadh le thart ar 400 ball foirne ar seirbhís de chuid an Gharda Síochána ar fud gach contae;
- Caidreamh a dhéanamh le saineolaithe agus le hacadóirí atá ag obair i réimse na póilíneachta agus na sábháilteachta pobail; agus,
- Ceithre imeacht réigiúnacha a chur ar siúl chun éisteacht go díreach le thart ar 100 grúpa páirtithe leasmhara pobail.

Breithníodh an t-aiseolas fairsing ó na himeachtaí caidrimh sin, mar aon le faisnéis a bailíodh ó fhoinsí eile. Áiríodh leis sin Tosaíochtaí cosúla ó thíortha eile a bhreithniú, feidhmíocht an Gharda Síochána sna blianta beaga atá imithe thart a athbhreithniú, agus gníomhaíochtaí éagsúla eile a dhéanamh.

Breithníodh an fhaisnéis sin ar fad ina hiomláine chun teacht ar chinneadh ar dhréacht-Tosaíochtaí, a ndeachthas i gcomhairle maidir leo ina dhiaidh sin le Coimisinéir an Gharda agus le Stiúrthóir na hOifige Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail.

De bharr an phróisis sin, tá an tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail muiníneach go sainaithnítear sna Tosaíochtaí sin na príomhréimsí lena bhfeabhsú chun an méid seo a leanas a chinntiú:

- Go gcuirfear feabhas ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil do phobail sna háiteanna is mó a bhfuil feabhsuithe ag teastáil iontu;
- Go gcuirfear ar chumas phearsana an Gharda Síochána an tseirbhís sin a sholáthar chomh maith agus is féidir leo; agus
- Go mbeidh siad réadúil agus indéanta freisin de réir na n-acmhainní atá ar fáil don Gharda Síochána.

Tá na Tosaíochtaí foilsithe ar shuíomh Gréasáin PCSA ag www.pcsaireland.ie. Beidh an dul chun cinn i gcomparáid leis na Tosaíochtaí faoi réir caidreamh leanúnach leis an gCoimisinéir agus le comhghleacaithe sa Gharda Síochána, lena n-áirítear trí na cruinnithe poiblí leis an gCoimisinéir, agus tuairisceofar ar an dul chun cinn sin trí fhoilseacháin PCSA amach anseo.

## Forbairt Ráiteas Straitéise PCSA 2026-2028

Tar éis a bhunaithe, ba é a bhí i gceann amháin de na príomhghníomhartha do PCSA sa bhliain 2025 ná an chéad Ráiteas Straitéise ó PCSA a fhorbairt (ar aon dul le halt 137 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail).

Treorófar obair PCSA thar an tréimhse 2026-2028 leis an straitéis sin, agus leagtar amach inti ceithre chuspóir straitéiseacha don eagraíocht:

- Formhaoirsiú Comhsheasmhach agus Measúnacht Neamhspleách a Sholáthar;
- Sábháilteacht Pobail a Chothú agus a Chur Chun Cinn;
- A Bheith inár nGuth Inchreidte, Iontaofa, agus Saineolach ar an bPóilíneacht; agus,
- A Bheith inár nEagraíocht Dhea-Reáchtáilte agus Éifeachtach.

Forbraíodh an Straitéis sin trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Machnamh a dhéanamh ar na tuairimí agus na heispéiris a chuir pobail, páirtithe leasmhara, pearsana an Gharda Síochána, saineolaithe ar an bpóilíneacht, agus a lán daoine eile in iúl trí shraith comhairliúchán, lena n-áirítear iad siúd a rinneadh agus na Tosaíochtaí Póilíneachta 2026-2028 á bhforbairt againn;
- Anailís a dhéanamh ar na dúshláin agus na saincheisteanna atá ann faoi láthair agus ar dóigh dóibh a bheith ann amach anseo agus a mbeidh tionchar acu ar an bpóilíneacht agus ar an tsábháilteacht pobail in Éirinn;
- Obair láithreach an Údaráis Póilíneachta agus Chigireacht an Gharda Síochána a bhreithniú;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na hacmhainní reatha atá ar fáil do PCSA agus ar na hacmhainní is dócha a bheidh ar fáil dó amach anseo chun a chuspóir reachtúil agus a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh; agus,
- Measúnú a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfadh an tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail freastal ar ár gceanglais faoi dhualgais na hearnála poiblí maidir le cearta an duine agus le sábháilteacht pobail.

Tá an Straitéis foilsithe ar ár suíomh Gréasáin ag www.pcsaireland.ie. Tuairisceofar ar an dul chun cinn i gcomparáid leis an Straitéis i dtuarascálacha bliantúla PCSA amach anseo.

## Forbairt an chéad Phlean Iniúchta ó PCSA

Faoi alt 146 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, ceanglaítear ar an Údarás Plean Iniúchta a ullmhú agus a fhoilsiú.

Ní foláir a leagan amach sa Phlean Iniúchta cé na hiniúchtaí a dhéanfar, agus faisnéis a thabhairt ann i dtaobh conas a dhéanfar na hiniúchtaí sin.

Sa bhliain 2025, d'fhorbair PCSA an chéad Phlean Iniúchta uaidh, rud a fhoilseofar i ráithe 1 den bhliain 2026.

Rinneadh roinnt critéar a fhorbairt agus a bhreithniú sa bhliain 2025 chun cabhrú leis na topaicí iniúchta a roghnú agus a chur in ord tosaíochta, agus cheadaigh an tÚdarás roinnt réimsí de sheirbhísí póilíneachta lena n-iniúchadh sa bhliain 2026.

Chomh maith leis na réimsí a sainaithníodh le haghaidh iniúchta sa bhliain 2026 a leagan amach, leagadh amach sa Phlean Iniúchta freisin na prionsabail lena dtreoraítear conas a sheolfar iniúchtaí agus leagtar amach ann an próiseas a d'úsáid an tÚdarás chun na réimsí tosaíochta le haghaidh iniúchtaí a chinneadh.

Tá iniúchtaí ina bpríomhghné d'fhormhaoirsiú ar sholáthar, rud a éascaíonn grinnscrúdú ar réimsí ar leith den phóilíneacht d'fhonn measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá siad ag feidhmiú go maith agus an bhféadfaí iad a fheabhsú agus conas a d'fhéadfaí iad a fheabhsú.

# 6 For-rochtain agus Caidreamh

Rinne PCSA caidreamh fairsing le gardaí, le pobail agus le páirtithe leasmhara ó gach cearn d'Éirinn ar fud na bliana 2025 chun éisteacht leis na heispéiris atá acu sa phóilíneacht a sholáthar agus leis an eispéireas fíorshaoil atá acu ina bheith dá bpóilíniú agus chun na heispéiris sin a thuiscint.

Buaileann PCSA le gardaí de gach céim i ngach rannán. Buaileadh le daoine laistigh dá dtimpeallachtaí féin agus dá gcomhthéacsanna féin, amhail daoine den phobal i suíomhanna pobail agus in ionaid acmhainní, eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do phobail éagsúla agus do leasanna tráchtála, agus comhlachtaí reachtúla.

A bhuí leis na comhráite a rinneadh, tugadh léargais chun bonn eolais a chur faoin bhformhaoirsiú agus faoin measúnú ar fheidhmíocht póilíneachta. Toradh amháin a bhí air sin ba ea gur cinntíodh go bhfuil ár bhformhaoirsiú san airdeall ar na saincheisteanna is ábhair imní don phobal agus a dhéanann difear don mhuinín as an nGarda Síochána.

Toradh eile a bhí air ba ea gur cuireadh bonn eolais faoi obair PCSA chun tuiscint a fháil ar shábháilteacht pobail agus ar na gnéithe a mbíonn tionchar acu ar a mhéid atá daoine sábháilte agus ag meas go bhfuil siad sábháilte, agus ar cé na gnéithe díobh sin a mbíonn tionchar ag an bpóilíneacht orthu.

## Cuairteanna ar Stáisiúin Gardaí, agus Caidreamh le Geallsealbhóirí

Is é atá sa léarscáil thíos ná sampla táscach d'fhairsinge na hoibre caidrimh a rinneadh sa bhliain 2025 ar fud gach ceann de 21 rannán an Gharda Síochána.



# 7 Sábháilteacht Pobail agus PCSA

Ní mhínítear 'Sábháilteacht Pobail' san Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, agus is féidir go bhfuil sé sin amhlaidh toisc gur féidir le rud éigin a bhfuil brí shimplí leis ar leibhéal amháin a bheith ríchasta a mhíniú ar leibhéal eile. Caithfidh PCSA dul i ngleic leis an gcoincheap sin agus measúnú a dhéanamh ar cé chomh maith agus a chomhlíonann an Garda Síochána a ról comhpháirtíochta leis na seirbhísí eile inár bpobail.

Pléitear coincheap na sábháilteachta pobail mar rud a bhaineann le daoine a bheith sábháilte agus a bheith ag meas go bhfuil siad sábháilte ina bpobal féin. Tá sé oibiachtúil agus suibiachtúil, agus is féidir leis bríonna éagsúla a bheith leis dúinn ag pointí difriúla inár saol. Go deimhin, is féidir le comharsana eispéireas difriúil a bheith acu ar an aon phobal amháin agus ar a thimpeallacht.

Is coincheap é freisin a bhfuil acmhainneacht shuntasach ag baint leis, i ndáil lena aithint nach mbaineann sábháilteacht le heagla a bheith in easnamh agus leis sin amháin ina lán cásanna. Is é atá i gceist le sábháilteacht freisin ná an cumas chun rath a bhaint amach inár bpobail agus chun a bheith in ann páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus ceangal a dhéanamh le daoine eile gan eagla gan srianta, chomh maith le bogadh trí ghnáthphatrúin agus gnáthrithimí ár saoil gan bhac.

Aithnítear leis freisin nach bhfuil sa phóilíneacht ach gné amháin den mhéid a chruthaíonn pobail shábháilte. Chun na dálaí le haghaidh pobail shábháilte a chruthú, teastaíonn comhoibriú agus fadhbréiteach comhchoiteann idir gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí éagsúla a oibríonn laistigh dár bpobail agus thar a gceann agus a sholáthraíonn seirbhísí laistigh dár bpobail agus thar a gceann. Teastaíonn uaidh freisin go nglacfadh na daoine atá ina gcónaí sna pobail páirt sa phróiseas fadhbréitigh sin, toisc gurb iad na daoine is mó a bhfuil cur amach acu ar a riachtanais agus ar na rudaí a n-éiríonn leo. Bíonn éagsúlacht mhór ann sna riachtanais laistigh dár bpobail agus is é sin an fáth ar gá caidreamh díreach le pobail ina n-éagsúlacht ar fad a bheith ar áireamh i bhfadhbréiteach.

Tá sé mar phríomhról ag PCSA formhaoirsiú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána agus seirbhís póilíneachta á soláthar aige.



Faoi alt 118 den Acht nua, tá sábháilteacht pobail anois mar fheidhm reachtúil laistigh dár gcuid oibre agus laistigh d'obair an Gharda Síochána. Leagtar amach in alt 118 go ndéanfaidh comhlacht seirbhíse poiblí, nuair a bheidh a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige, gach beart réasúnach chun cúrsaí sábháilteachta pobail a fheabhsú, agus leagtar amach ann freisin dualgais shonracha a bhaineann lena phlean straitéiseach, lena thuairisciú, agus lena chomhar idirghníomhaireachta. Is dualgas é sin atá ar gach comhlacht seirbhíse poiblí faoin Acht sábháilteacht pobail a fheabhsú.

Ba é a bhí i gceist le hobair PCSA sa bhliain 2025 ná forbairt a dhéanamh ar an tuiscint atá aige ar a ról maidir le sábháilteacht pobail agus leis na struchtúir nua a bunaíodh faoin Acht. Sa bhliain 2025, bhreithnigh an tÚdarás conas a dhéanfaidh sé measúnú ar fheidhmíocht an Gharda Síochána maidir le caidreamh a dhéanamh le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile agus le hobair i gcomhar leo chun pobail níos sábháilte a sholáthar. Tá ról ag PCSA freisin maidir le comhoibriú idirghníomhaireachta agus rannpháirtíocht an phobail a chothú chun sábháilteacht pobail a fheabhsú, maidir le rannchuidiú le forbairt na Straitéise Náisiúnta le haghaidh Sábháilteacht Pobail a Fheabhsú (an Straitéis Náisiúnta), agus, mar chomhalta den Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail, maidir le faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar an Straitéis Náisiúnta a chur i gcrích.

Bhí an obair sin ag céim luath sa bhliain 2025. D'oibrigh PCSA, mar chomhalta den Ghrúpa Stiúrtha, le páirtithe eile chun tacú leis an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail éifeacht phraiticiúil a thabhairt don mhéid a cumasaíodh leis an reachtaíocht. Ag druidim le deireadh na bliana 2025, bhí luas méadaithe ann agus bhí eagraíochtaí agus pobail á dtabhairt le chéile i struchtúir nua agus i gcaidrimh nua, go háirithe ar an leibhéal áitiúil. Rinne PCSA caidreamh leis an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail sa bhliain 2025. Áiríodh leis sin cruinniú a tionóladh go poiblí idir PCSA agus Stiúrthóir na hOifige. Le linn an ullmhúcháin do chruinniú an Údaráis a tionóladh go poiblí i Loch Garman i mí na Samhna 2025, bhuail Comhaltaí an Údaráis agus baill den Fhoireann Feidhmiúcháin leis an gCathaoirleach agus le roinnt comhaltaí de Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil Loch Garman, a bunaíodh tamaillín roimhe sin.

Tá feidhmeanna éagsúla a bhaineann le sábháilteacht pobail leagtha amach san Acht, agus is obair í sin a bhfuilimid ag plé léi agus a bhfuil tús curtha againn lena hacmhainneacht a iniúchadh agus a leanfaimid lena hiniúchadh thar na trí bliana amach romhainn dár Ráiteas Straitéise, ina ndearnadh méadrachtaí sonracha a shainaithint agus a leagan amach chun cur chun feidhme a dhéanamh ar an dualgas earnála poiblí sin le haghaidh sábháilteacht pobail.

Is obair í a thógann ar an mbéim a chuireamar inár gcéad bhliain ar éisteacht le pobail agus ar chaidreamh a dhéanamh le páirtithe leasmhara eile a gcaithfidh an Garda Síochána obair leo chun daoine a choinneáil slán. Is mar chuid den obair sin freisin a bheimid ag déanamh caidreamh leis na Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla ar fud na tíre, a chuireann cur chuige nua ar fáil i leith obair chomhoibríoch laistigh de phobail ar leibhéal an rialtais áitiúil, chun tuiscint a fháil ar an dóigh a bhfuil an phóilíneacht ag obair mar cheann de na seirbhísí riachtanacha sin a rannchuidíonn le gach duine dínn a bheith sábháilte agus a mheas go bhfuilimid sábháilte.



# 8 Struchtúr agus Rialachas PCSA

## Cruinnithe, Táillí agus Caiteachais an Údaráis

Tionóladh ocht gcruinniú den Údarás ó bunaíodh é an 2 Aibreán 2025 i leith. Fostaítear comhaltaí an Údaráis ar bhonn iad a bheith ar fáil idir ceithre lá agus sé lá in aghaidh na míosa, agus tá an Cathaoirleach le bheith ar fáil go foirmiúil ar bhonn 2.5 lá in aghaidh na seachtaine. Tá mionsonraí Chomhaltaí an Údaráis liostaithe i dTábla 1, lena n-áirítear a dtéarma oifige agus a bhfreastal ar chruinnithe sa bhliain 2025. Taispeántar i dTábla 2 táillí agus caiteachais do Chomhaltaí an Údaráis don bhliain 2025.

**Tábla 1:** *Téarmaí oifige na gComhaltaí den Údarás agus a bhfreastal ar chruinnithe suas go dtí an 31 Nollaig 2025*

| Comhalta den Údarás[1] | Dul in éag don téarma | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|
| Elaine Byrne (Cathaoirleach) | 01/04/2029 | 8 |
| Joe Costello | 01/04/2028 | 8 |
| Michael Feehan | 01/04/2028 | 8 |
| Nessa Lynch | 01/04/2028 | 8 |
| Martina Moloney | 01/04/2029 | 8 |
| Freda McKittrick | 01/04/2029 | 7 |
| Tony O'Brien | 01/04/2028 | 7 |
| Ken O'Leary | 01/04/2029 | 8 |
| Emma Reidy | 01/04/2029 | 8 |

1. A gceadaíonn an tAire Dlí agus Cirt iad, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

**Tábla 2:** *Táillí agus costais taistil agus chothaithe 2025 do Chomhaltaí an Údaráis (faoi réir iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste)*

| Comhalta den Údarás | Táillí Bliantúla a íocadh sa bhliain 2025 € | Caiteachais a íocadh le haghaidh comhaltaí agus thar a gceann sa bhliain 2025[2] € |
|---|---|---|
| Elaine Byrne (Cathaoirleach) | 24,249 | 7,748 |
| Joe Costello | 11,181 | 27 |
| Michael Feehan | 11,181 | _ |
| Nessa Lynch | 11,181 | 3,029 |
| Martina Moloney | 11,181 | 1,503 |
| Freda McKittrick | 11,181 | _ |
| Tony O'Brien | 11,181 | 1,668 |
| Ken O'Leary | 11,181 | 255 |
| Emma Reidy | 11,181 | 341 |

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire sa bhliain 2025 chun comhairle neamhspleách a chur ar an Oifigeach Cuntasaíochta agus ar Chomhaltaí an Údaráis, agus tacaíocht á tabhairt dóibh i ndáil lena bhfreagrachtaí maidir le saincheisteanna riosca, rialaithe inmheánaigh agus rialachais faoi Chairt Coiste inar leagadh amach a chuspóir, lenar treoraíodh a chuid oibre agus inar leagadh amach róil agus freagrachtaí an Choiste. Tá Cairt an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus miontuairiscí ceadaithe a chruinnithe sa bhliain 2025 foilsithe ar shuíomh Gréasáin an Údaráis.

Buanmhír ar an gclár oibre ag gach cruinniú de chuid an Údaráis ba ea an t-eolas is deireanaí a fháil ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca tar éis an chruinnithe dheireanaigh de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, áit ar chuir Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an t-eolas is deireanaí ar obair an Choiste ar fáil don Údarás ó bhéal. Páipéir inar leagadh amach na nithe a bhí le cinneadh nó le ceadú ag an Údarás agus a d'eascair as obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, cuireadh isteach iad lena mbreithniú le linn na gcruinnithe den Údarás. Soláthraíodh acmhainn rúnaíochta don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

D'fhóin Comhalta amháin den Údarás mar Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus bhí triúr comhaltaí seachtracha ar an gCoiste freisin. Tá mionsonraí faoin gCoiste, mar aon le comhaltas agus cruinnithe sa bhliain 2025, leagtha amach i dTábla 3.

2. Lena n-áirítear costais a íocadh go díreach le soláthraithe agus costais a aisíocadh le Comhaltaí – Sochar Comhchineáil san áireamh. Den tsuim €14,571 a íocadh sa bhliain 2025 – b'ionann caiteachais na gComhaltaí a bhain leis an mbliain 2025 agus €9,715, agus bhain €4,856 le Sochair Chomhchineáil a íocadh leis na Coimisinéirí Ioncaim.

**Tábla 3:** *Comhaltas an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an freastal ar chruinnithe*

| Coiste | Comhaltas | Cruinnithe sa bhliain 2025 |
|---|---|---|
| An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | Michael Feehan (Cathaoirleach) | 4 |
| | Declan Hoban (Comhalta seachtrach) | 4 |
| | An Dr Geraldine Smith (Comhalta seachtrach) | 4 |
| | Niall Byrne (Comhalta seachtrach) | 3[3] |

## An Fhoireann Feidhmiúcháin

Ag obair di faoi stiúir ag an bPríomhfheidhmeannach, is é ról na Foirne Feidhmiúcháin beartais agus cinntí an Údaráis a chur chun feidhme. Ina theannta sin, is é ról na Foirne Ardbhainistíochta an tÚdarás a choinneáil ar an eolas, trína cruinnithe tráthrialta, faoi fhorbairtí ábhartha, lena n-áirítear aon rioscaí ábhartha, agus cabhrú le hobair an Údaráis tríd an tacaíocht, an fhaisnéis agus an saineolas ábhartha a sholáthar i ndáil le rialachas agus forbairt beartais ar leibhéal an Údaráis agus ar leibhéal na gCoistí araon.

Tá ról agus freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh leagtha amach sa reachtaíocht agus i gCreat Rialachais PCSA. Ina theannta sin, is é nó í an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta PCSA. Is freagracht í sin atá ar leithligh ó fhreagrachtaí rialachais chomhaltaí an Údaráis. Tá comhaltas na Foirne Ardbhainistíochta ar taispeáint i dTábla 4.

**Tábla 4:** *An Fhoireann Ardbhainistíochta 2025*

| Ról | Ainm |
|---|---|
| Príomhfheidhmeannach | Helen Hall |
| Stiúrthóir – Straitéis, Taighde agus Léargais | Aoife Clabby |
| Stiúrthóir – For-Rochtain agus Caidreamh | Karen Shelly |
| Stiúrthóir – Seirbhísí Gnó | Paul Pearson |
| Stiúrthóir – Soláthar Formhaoirsiúcháin | Margaret Tumelty |
| Stiúrthóir – Soláthar Formhaoirsiúcháin | Pauline Shields |
| Stiúrthóir – Soláthar Formhaoirsiúcháin | Alywin Barton |

*B'ionann agus €190,262 in aghaidh na bliana tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh an 31 Nollaig 2025, agus é ar scála tuarastail an Rúnaí Chúnta sa státseirbhís. B'ionann agus €5,359 don 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2025 na costais taistil agus chothaithe don Phríomhfheidhmeannach, ar costais iad a d'eascair as comhlíonadh a cuid dualgas.*

3. Ceapadh Niall Byrne (Comhalta seachtrach) an 1 Meán Fómhair 2025. Dá bhrí sin, ceapadh é tar éis an chéad chruinniú a chur ar siúl.

# 9 Conas a Oibrímid

## Socruithe Rialachais

Tá an tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail (PCSA) bunaithe mar chomhlacht atá neamhspleách go reachtúil. Tá PCSA neamhspleách go hiomlán agus a fheidhmeanna reachtúla á bhfeidhmiú aige agus tá sé cuntasach go cuí don Oireachtas agus don Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce mar chomhlacht a fhaigheann cistiú poiblí.

Treoraítear an Creat Rialachais agus Rialaithe foriomlán laistigh de PCSA leis na nithe seo a leanas:

- An tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024;
- An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú;
- An Caighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís, a bhfuil sé de cheangal ar an Údarás é a chomhlíonadh i bhfianaise an chistiúcháin a fhaigheann sé ó Vóta Státchiste;
- Na moltaí ón nGrúpa Oibre maidir le Cuntasacht Ard-Rúnaithe agus Oifigeach Cuntasaíochta (Tuarascáil Mullarkey);
- An Cód Eitice don Gharda Síochána, rud ar ghlac an tÚdarás é, nuair is infheidhme;
- Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí;
- An Cód Caiteachais Phoiblí; agus
- Cibé reachtaíocht, beartais agus ciorcláin eile de chuid an rialtais agus na seirbhíse poiblí is infheidhme maidir le heagraíochtaí státseirbhíse.

## Creat Rialachais

Leagtar amach go mion i ndoiciméad Creat Rialachais PCSA na socruithe rialachais atá i bhfeidhm in PCSA. Tá sraith doiciméad rialachais eile mar thaca leis sin. Áirítear leo na doiciméid seo a leanas:

- Cód Iompair do chomhaltaí agus do bhaill foirne;
- Buanorduithe;
- Scéim tarmligin agus nithe atá forchoimeádta don Údarás;
- Ráitis Straitéise; agus
- Comhaontú Formhaoirsiúcháin agus Comhaontú Soláthair Feidhmíochta leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce.

Cheadaigh an tÚdarás an Cód Iompair, na Buan-Orduithe agus an Scéim Tarmligin ag a chéad chruinniú i mí Aibreáin 2025, agus tá siad foilsithe ar shuíomh Gréasáin an Údaráis. Glacadh an Ráiteas Straitéise 2022-2024 ón Údarás Póilíneachta roimhe seo isteach sa bhliain 2025 chun go mbeifí in ann Ráiteas Straitéise 2026-2028 ó PCSA a fhorbairt sa dara sé mhí den bhliain 2025. Glacadh an Comhaontú Formhaoirsiúcháin agus an Comhaontú Soláthair Feidhmíochta leis an Roinn Dlí agus Cirt i mí na Nollag 2025.




*Cruinniú de chuid an Údaráis leis an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus lena oifigigh*

## Freagrachtaí

Tá an tÚdarás freagrach as na nithe seo a leanas:

- Gníomhaíochtaí an Údaráis a threorú agus a stiúradh;
- Comhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla uile is infheidhme;
- An Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Ardbhainistíochta a choimeád cuntasach as comhlíonadh éifeachtach a bhfreagrachtaí;
- Nithe a bhaineann le hiniúchóireacht, le rialachas agus le bainistíocht riosca;
- A chinntiú go mbíonn córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm agus á gcur chun feidhme;
- Ráiteas Straitéise a ullmhú agus a ghlacadh; agus
- Na Tuarascálacha Bliantúla ón Údarás a ullmhú.

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach don Údarás as a dualgais a chomhlíonadh agus as cibé faisnéis a sholáthar dó i ndáil le comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin a éileoidh an tÚdarás ó am go chéile.

Oibríonn PCSA faoi sholáthar airgeadais a vótálann an Dáil é gach bliain, agus is í an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta ina leith sin, agus freagrachtaí gaolmhara uirthi as an timpeallacht rialaithe inmheánaigh.

# Cód Iompair

Leagtar amach i gCód Iompair PCSA do Chomhaltaí an Údaráis agus do Bhaill Foirne (an Cód) na caighdeáin prionsabal agus cleachtas lena rialaítear iompar Chomhaltaí agus bhaill foirne PCSA, lena n-áirítear comhaltaí seachtracha de Choistí PCSA. Is é cuspóir an Chóid:

- Tacar comhaontaithe prionsabal eiticiúil do Chomhaltaí agus bhaill foirne PCSA a bhunú;
- An fhorbairt cleachtas neamheiticiúil, agus an glacadh leo, a chosc; agus
- Muinín as na Comhaltaí agus iontaoibh iontu a chur chun cinn agus a chothabháil.

Déanann sé é sin trí na heochairphrionsabail ar ghá do chomhaltaí agus baill foirne cloí leo a leagan amach. Is iad sin:

- Gníomhú chun Leas an Phobail;
- Ionracas agus Neamhspleáchas;
- Cothroime agus Comhionannas;
- Rúndacht; agus
- Trédhearcacht.

Leis an gCód, leagtar béim ar thiomantas PCSA do na caighdeáin is fearr ó thaobh iompar gnó de, agus ullmhaítear é chun cabhrú le Comhaltaí agus le baill foirne a gcuid dualgas, ceart agus oibleagáidí a thuiscint. Cuirtear de cheangal ar Chomhaltaí agus baill foirne leis freisin cloí leis an gCód Eitice don Gharda Síochána.

## Coinbhleachtaí Leasa

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh Comhaltaí agus baill foirne PCSA forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, nuair is infheidhme. Ina theannta sin, is amhlaidh, de réir an Chóid, a chláraíonn Comhaltaí an Údaráis a leasanna i ngnóthais eile leis an Rúnaí don Údarás tráth a gceapacháin. Rialaítear leis an gCód freisin coinbhleachtaí leasa in aon imthosca eile a bhféadfadh coinbhleachtaí leasa teacht chun cinn iontu. Ceanglaítear ar gach Comhalta den Údarás tuairisceán bliantúil eitice a chomhlánú de réir fhorálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí.

## Buan-Orduithe

Leagtar amach i mBuan-Orduithe an Údaráis na nósanna imeachta trína seolann an tÚdarás a ghnó.

## Scéim Tarmligin

Chomhaontaigh an tÚdarás scéim tarmligin. Leagtar amach sa scéim sin:

- Conas a tharmligeann an tÚdarás ceadú aon chaiteachais atá faoi bhun tairseacha comhaontaithe don Chathaoirleach agus don Phríomhfheidhmeannach;
- Nithe a bhaineann le rialachas atá forchoimeádta don Údarás; agus
- Feidhmeanna reachtúla an Údaráis agus a mhéid atá siad tarmligthe chuig Coiste den Údarás nó chuig an bPríomhfheidhmeannach nó atá siad forchoimeádta don Údarás.

## Meastóireacht Feidhmíochta

Ós rud é gur bunaíodh PCSA i mí Aibreáin 2025, déanfar athbhreithniú féinmheasúnaithe ar éifeachtacht an Údaráis agus a Choistí i dtús na bliana 2026 de réir cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

## Formhaoirsiú ag an Máthair-Roinn

Tá Comhaontú Formhaoirsiúcháin agus Comhaontú Soláthair Feidhmíochta i bhfeidhm leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce ina sainítear go soiléir téarmaí an chaidrimh idir an Roinn agus PCSA. Déantar cur síos iontu freisin ar na príomhróil, na príomhfhreagrachtaí agus na príomhthacaí atá mar bhonn agus thaca ag an gcaidreamh idir PCSA ar thaobh amháin agus an Roinn, an tAire agus an tOireachtas ar an taobh eile. Léirítear agus leagtar amach sna comhaontuithe sin a mhéid atá na ceanglais um chomhlíonadh sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú oiriúnaithe go cuí d'imthosca (lena n-áirítear méid agus neamhspleáchas) PCSA.

Le roinnt d'fheidhmeanna PCSA a leagtar amach san Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, ceanglaítear ar PCSA dul i gcomhairle leis an Aire nó leis an Rialtas ar nithe éagsúla nó comhairle a chur air nó uirthi ina leith nó eolas a thabhairt dó nó di fúthu. Cuirtear cruinnithe idirchaidrimh rialachais idir Lucht Ardbhainistíochta na Roinne agus Lucht Ardbhainistíochta PCSA ar siúl ar bhonn leathbhliantúil chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus chun míreanna leasa choitinn i ndáil le sainchúram PCSA a bhreithniú.

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Bunaíodh Coiste Iniúchóireachta agus Riosca i mí na Bealtaine 2025 faoi Chairt Coiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tá sé comhdhéanta de thriúr comhaltaí atá seachtrach ó PCSA agus de Chomhalta amháin den Údarás, agus tháinig sé le chéile ceithre huaire sa bhliain 2025. Soláthraíonn an Coiste comhairle neamhspleách don Údarás agus don Oifigeach Cuntasaíochta, lena n-áirítear i ndáil le hoiriúnacht agus láidreacht rialú inmheánach, iniúchóireacht inmheánach, bhainistíocht riosca, agus chórais agus nósanna imeachta rialachais na heagraíochta.

## Bainistíocht Riosca

Tá Beartas cuimsitheach Bainistíochta Riosca, Ráiteas cuimsitheach faoi Fhonn Riosca agus córas cuimsitheach chun athbhreithniú agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí agus ar dheiseanna araon i bhfeidhm ag PCSA, lena n-áirítear Clár Rioscaí agus Deiseanna atá mionsonraithe agus cothrom le dáta. Áirítear leis an gClár Rioscaí agus Deiseanna measúnú mionsonraithe ar na príomhrioscaí don Údarás agus tuairisc ar na rioscaí agus ar na rialuithe agus na bearta inmheánacha a cuireadh i bhfeidhm chun gach riosca a mhaolú. Déanann Príomhoifigeach Riosca PCSA an Clár Rioscaí agus Deiseanna a chothabháil, agus athraítear chun dáta é ar bhonn leanúnach chun rioscaí nua a thagann chun cinn ar gach leibhéal den eagraíocht, agus athruithe ar na rialuithe chun rioscaí a mhaolú, a léiriú.

Athbhreithníonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Clár Rioscaí agus Deiseanna gach ráithe, agus athbhreithniú iomlán á dhéanamh ag an Údarás uair amháin ar a laghad in aghaidh na bliana. Is buanmhír ar chlár oibre chruinnithe míosúla an Údaráis í bainistíocht riosca, agus athbhreithnítear Tuarascáil mhíosúil ar Bhainistíocht Riosca agus pléitear na rioscaí sonracha. Is buanmhír ar chruinnithe an lucht bainistíochta agus na foirne í bainistíocht riosca freisin, agus dearbhú á thabhairt go dtugtar aghaidh ar rioscaí agus ar bhearta atá ceaptha chun rioscaí a mhaolú i gcomhthéacs na bpléití suntasacha agus na gcinntí suntasacha uile a dhéanann PCSA agus i gcomhthéacs nósanna imeachta uile PCSA.

## Córas Rialuithe Inmheánacha

Tá córais agus nósanna imeachta atá láidir agus éifeachtach i bhfeidhm in PCSA maidir le rialú inmheánach chun a chinntiú go gcomhlíonfar, de réir mar is cuí, na prionsabail, ceanglais agus treoirlínte iomchuí de chuid an Chóid Caiteachais Phoiblí agus chun rioscaí a mhaolú. Déanann soláthraí Iniúchóireachta Inmheánaí athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh chun a chinntiú go ndéantar gach gné den bhainistíocht riosca agus den rialú inmheánach don bhliain a bhreithniú agus chun dearbhú suntasach a sholáthar maidir le leordhóthanacht na gcóras rialaithe inmheánaigh chun príomhrioscaí dúchasacha a mhaolú agus/nó a bhainistiú. An t-iniúchadh ar rialuithe inmheánacha i ndáil leis an 12 mhí iomlána go dtí an 31 Nollaig 2025, cuireadh tús leis i ráithe a ceathair den bhliain 2025 agus tabharfar chun críche é i ráithe a haon den bhliain 2026. San iniúchadh sin, cuimseofar na rialuithe inmheánacha laistigh den Údarás Póilíneachta suas go dtí an 1 Aibreán 2025, mar aon leis na rialuithe laistigh de PCSA don chuid eile den bhliain 2025.

## Iniúchóireacht Inmheánach

Faigheann feidhm iniúchóireachta inmheánaí PCSA tacaíocht ó Crowleys DFK, ár soláthraí iniúchóireachta inmheánaí, a conraíodh tar éis próiseas soláthair a seoladh sa bhliain 2024. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca formhaoirsiú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí, lena n-áirítear an plean oibre bliantúil.

## Soláthar

Treoraítear an ghníomhaíocht soláthair ar fad leis an gCód Caiteachais Phoiblí arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus bhí Plean Soláthair Chorparáidigh i bhfeidhm don bhliain 2025. Tá beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag PCSA le haghaidh earraí agus seirbhísí a fháil. Lorgaítear ceadú foirmiúil ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, nuair is cuí, le haghaidh caiteachas os cionn tairseach chomhaontaithe.

## Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí

Tá an tÚdarás tiomanta do sheirbhís atá gairmiúil, éifeachtúil, cúirtéiseach agus ar ardchaighdeán a sholáthar do gach duine a dhéanann cumarsáid leis, de réir na bprionsabal um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí. Dá réir sin, tá Cairt Custaiméirí agus Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí araon i bhfeidhm.

## Comhlíonadh na Reachtaíochta

Bunaíodh PCSA leis an Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, agus oibríonn sé de réir fhorálacha an Achta sin. Tá socruithe i bhfeidhm aige freisin chun a chinntiú go bhfuil sé ag comhlíonadh na bhforálacha reachtúla seo a leanas, nuair is infheidhme:

### Cosaint Sonraí

- Comhlíonann an tÚdarás an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018. Tá socruithe i bhfeidhm chun a chinntiú go leanfar den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a chomhlíonadh. Déanann Oifigeach Cosanta Sonraí an Údaráis, ar cuireadh oiliúint chuí air, na socruithe sin a bhainistiú, agus tuairiscíonn an tOifigeach sin go díreach don Phríomhfheidhmeannach. Cuireadh an Coimisiún um Chosaint Sonraí ar an eolas faoi Oifigeach Cosanta Sonraí an Údaráis.
- Tá Beartas Cosanta Sonraí i bhfeidhm ag an Údarás. Áirítear leis sraith treoirlínte don fhoireann atá bunaithe ar na hocht Riail Cosanta Sonraí chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh an tÚdarás RGCS agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018. Idir an 2 Aibreán agus an 31 Nollaig 2025, fuair an tÚdarás dhá Iarraidh ar Rochtain d'Ábhar Sonraí faoin reachtaíocht Cosanta Sonraí. Níor tuairiscíodh aon sáruithe sonraí don Choimisiún um Chosaint Sonraí sa bhliain 2025.

### Saoráil Faisnéise

Soláthraíonn an tÚdarás faisnéis chuimsitheach ar a shuíomh Gréasáin i ndáil le comhlíonadh na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise. Áirítear leis sin scéim foilsithe lena soláthraítear faisnéis faoi fheidhmeanna an Údaráis agus faoin ábhar a chuir sé ar fáil go poiblí. Ón 2 Aibreán go dtí an 31 Nollaig 2025, fuair an tÚdarás trí iarraidh Saorála Faisnéise. Is féidir mionsonraí faoi na hiarrataí uile nach mbaineann le sonraí pearsanta a fháil ar an taifead nochta ar shuíomh Gréasáin an Údaráis.

### Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

Le halt 42(1) den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, dá ngairtear an Dualgas Earnála Poiblí (an Dualgas) freisin, cuirtear ceanglais reachtúla ar chomhlachtaí poiblí. Ceanglaítear orthu aird a thabhairt ar an ngá atá ann an t-idirdhealú a dhíchur, agus comhionannas deiseanna agus córa dá fhoireann agus do na daoine dá soláthraíonn siad seirbhísí a chur chun cinn. Ceanglaítear orthu freisin cearta an duine atá ag a gcomhaltaí, a bhfoireann agus na daoine dá soláthraíonn siad seirbhísí a chosaint.

Leagtar amach in alt 122(2)(r) den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, nach foláir do PCSA beartais, pleananna agus gníomhartha cuí a bheith i bhfeidhm aige chun a chumasú dó a oibleagáidí faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, a chomhlíonadh. Tugtar sa mhéid seo a leanas an t-eolas is deireanaí ar an dóigh a bhfuil an Dualgas curtha chun feidhme ag PCSA de réir alt 42(2), lena gceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna chearta an duine agus ar shaincheisteanna comhionannais atá ábhartha dá gcuid oibre, aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin trí bheartais shonracha, pleananna sonracha agus gníomhartha sonracha, agus tuairisc a thabhairt ar éachtaí ina leith sin sa tuarascáil bhliantúil uathu.

Cuireann PCSA béim láidir ar an gceart chun nósanna imeachta córa, ar an gceart chun príobháideachta, ar rochtain chomhionann agus ar chóir chomhionann i ngach gné dá fheidhmeanna, agus déanann sé dianiarracht a chinntiú go ndéantar a ghníomhaíochtaí uile a sheoladh faoi sholas chearta an duine agus an chomhionannais. Tá oibleagáidí PCSA ina leith sin ina gcuid dhílis de na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí uile atá leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

Oibríonn PCSA go leanúnach chun a chinntiú go ndéanfar dínit agus folláine na foirne ar fad a chosaint agus go spreagtar cultúr rannpháirtíochta agus measa, ag féachaint do na cearta agus prionsabail sin. Déanann an Fhoireann Feidhmiúcháin socruithe réasúnacha agus gníomhartha dearfacha a fhiosrú agus a chur chun feidhme chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag fórsa saothair éagsúil agus ag páirtithe leasmhara éagsúla ar an áit oibre, ar chleachtais oibre agus ar chumarsáidí, mar atá leagtha amach thíos. Coinnítear gach beartas agus cleachtas inmheánach faoi athbhreithniú chun a chinntiú go gcomhlíonfar an dea-chleachtas sna réimsí sin.

Tá PCSA dírithe ar fheabhas a chur ar a inrochtana atá cumarsáidí foilsithe a fheabhsú ar mhaithe leis na ceanglais riachtanacha atá leagtha amach sa Treoir ón Aontas Eorpach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin a chomhlíonadh. Cuirfear ceanglais inrochtaineachta ar áireamh i soláthar an tsuímh Gréasáin nua do PCSA le linn na bliana 2026.

Tá PCSA tiomanta do chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn agus aithníonn sé nach iad na méadrachtaí eacnamaíocha na méadrachtaí tábhachtacha amháin do chomhlachtaí Stáit, ach go n-áirítear leo freisin méadrachtaí cultúir, éagsúlachta agus cuimsithe mar aon le folláine na ndaoine atá á bhfostú, rud lena gcothaítear caidreamh níos fearr i measc na foirne agus na bpáirtithe leasmhara agus lena gcumasaítear torthaí níos fearr a bhaint amach do shaoránaigh agus do phobail dá bharr. Is as mná agus fir a bheith ag obair agus ag rialú ar bhonn cothrom a thagann torthaí lena soláthraítear tairbhí dearfacha don Rialtas agus don tsochaí.



*Emma Reidy agus Joe Costello, comhaltaí den Údarás*

Cé go bhfuil sé faoin Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce Comhaltaí an Údaráis a cheapadh, tá cóimheá chuí inscne i ndáil leis an Údarás leagtha amach in alt 123(5) den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, ina sonraítear an méid seo a leanas: "Féachfaidh an Rialtas, a mhéid is indéanta, lena chinntiú go mbeidh cóimheá chothromasach idir fir agus mná i measc chomhaltaí an Údaráis". Den naonúr Comhaltaí den Údarás amhail an 31 Nollaig 2025, is mná iad cúigear agus is fir iad ceathrar. Cuimsíonn an Fhoireann Ardbhainistíochta Feidhmiúcháin cúigear ban agus beirt fhear. Cuirtear éagsúlacht tuairimí chun cinn trí raon fairsing tuairimí a iarraidh ó Chomhaltaí an Údaráis, ó chomhaltaí coistí agus ó bhaill foirne agus trí fháiltiú roimh na tuairimí sin.

Tá 'Cearta an Duine' ar cheann amháin de luachanna an Údaráis, mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise don tréimhse 2022 – 2024. Glacadh an Ráiteas Straitéise 2022-2024 ón Údarás Póilíneachta roimhe seo isteach sa bhliain 2025 agus d'fhadaigh an tÚdarás é. Rinneadh é sin chun go mbeifí in ann Ráiteas Straitéise 2026-2028 ó PCSA a fhorbairt sa dara sé mhí den bhliain 2025. Tá PCSA tiomanta d'athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar a chuid beartas agus nósanna imeachta chun comhlíonadh phrionsabail chearta an duine a choinneáil ar bun, agus go sonrach na hoibleagáidí faoin Dualgas.

Is é croífheidhm PCSA formhaoirsiú a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonann an Garda Síochána a chuid feidhmeanna maidir le seirbhísí póilíneachta. Áirítear leis sin a chinntiú go soláthraítear seirbhísí póilíneachta de réir na gcaighdeán eitice is fearr agus ar mhodh a sheasann cearta an duine atá ag gach duine aonair.

I mí na Nollag 2025, rinne PCSA Comhairleoirí um Chearta an Duine a fhostú ar conradh chun comhairle agus cúnamh a thabhairt do PCSA maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna i réimsí chearta an duine, lena n-áirítear measúnú ar an dóigh a bhfuil an Garda Síochána ag comhlíonadh a oibleagáidí i ndáil le cearta an duine. Rinneadh obair sa bhliain 2025 chun a shainaithint cé na réimsí a dtabharfaidh na Comhairleoirí um Chearta an Duine comhairle agus cúnamh ina leith sa bhliain 2026.

Leanann PCSA freisin de chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn trína fhor-rochtain agus trína chaidreamh, lena n-áirítear éisteacht le raon éagsúil páirtithe leasmhara, ar bhonn leanúnach, chun eolas a dhéanamh d'obair formhaoirsiúcháin agus príomhfheidhmeanna PCSA. Rinne PCSA caidreamh sa bhliain 2025 le raon leathan grúpaí a dhéanann ionadaíocht do phobail dhifriúla, lena n-áirítear grúpaí nach gcloistear a dtuairimí go minic agus grúpaí mionlaigh, chun léargas a ghnóthú ar a n-eispéireas fíorshaoil leis an bpóilíneacht agus chun measúnú a dhéanamh ar an méid cothroime agus comhionannais a fheidhmítear le linn cumhachtaí póilíní a úsáid. Rinne Comhaltaí den Údarás agus baill foirne na Foirne Feidhmiúcháin caidreamh le comhaltaí agus baill foirne den Gharda Síochána ó gach céim agus ó gach grád. Déantar gach socrú réasúnach chun a chinntiú gurb inrochtana ag gach duine a fhreastalaíonn orthu atá na cruinnithe a thionóltar go poiblí agus na cruinnithe leis na páirtithe leasmhara go léir.

## Sábháilteacht Pobail

Leagtar amach in alt 118 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, go ndéanfaidh comhlacht seirbhíse poiblí, nuair a bheidh a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige, gach beart réasúnach chun cúrsaí sábháilteachta pobail a fheabhsú, agus leagtar amach ann freisin dualgais shonracha a bhaineann lena phlean straitéiseach, lena thuairisciú, agus lena chomhar idirghníomhaireachta.

Agus an dréacht-Phlean Straitéiseach 2026-28 uaidh á fhorbairt, sainaithníodh agus leagadh amach méadrachtaí sonracha chun cur chun feidhme a dhéanamh ar an dualgas earnála poiblí sin le haghaidh sábháilteacht pobail. Leis sin, treorófar PCSA agus a oibleagáidí faoi alt 118 á gcomhlíonadh aige.




*Elaine Byrne, Cathaoirleach PCSA, agus Justin Kelly, Coimisinéir an Gharda, agus iad ag labhairt leis na meáin tar éis an chruinnithe de chuid an Údaráis i gCaisleán Cnucha*

## An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Ní dhearnadh aon Nochtaí Cosanta do PCSA sa tréimhse ón 2 Aibreán go dtí an 31 Nollaig 2025.

Tá PCSA tiomanta do thimpeallacht a chothú ina mbraitheann gach duine a oibríonn in PCSA go bhfuil siad in ann labhairt amach. Trí labhairt amach, is féidir le baill foirne an eagraíocht a fheabhsú agus cabhrú lena chinntiú go gcoinneofar na caighdeáin is airde ar bun. Tá PCSA tiomanta dá chinntiú go n-éistfear go cúramach le haon ábhair imní a tharraingíonn baill foirne anuas chun gur féidir gníomhaíocht phras a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna. Tá PCSA tiomanta don chlár um Ionracas ag an Obair de chuid Transparency International a chomhlíonadh.

Déantar foráil leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, maidir le cosaintí áirithe dlí d'oibrithe nuair a tharraingíonn siad ábhair imní anuas maidir le héagóiritheoireacht fhéideartha san áit oibre. Leagtar amach ann cad is nochtadh cosanta ann agus na coimircí dlí atá i bhfeidhm chun oibrithe a dhéanann nochtadh cosanta a chosaint. De réir na reachtaíochta, tá Beartas um Nochtadh Cosanta i bhfeidhm ag PCSA ina leagtar amach na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun éagóiritheoireacht a thuairisciú de réir cheanglais an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014. Leagtar amach sa Bheartas na prionsabail atá mar bhonn agus thaca ag cultúr eiticiúil a fhorbairt agus a choinneáil ar bun san eagraíocht agus na mionsonraí oibríochtúla maidir le conas a fhéadfaidh baill foirne agus Comhaltaí PCSA nochtadh cosanta a dhéanamh. Níl PCSA ina chomhlacht forordaithe faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm maidir le nochtadh cosanta a dhéanamh de réir alt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

# 10 Faisnéis Airgeadais 2025

## Tuairisciú Airgeadais

Bhí na nósanna imeachta cuí uile le haghaidh tuairisciú airgeadais i bhfeidhm laistigh de PCSA sa bhliain 2025, lena n-áirítear:

- Buiséad bliantúil a ndearna PCSA faireachán ar chaiteachas i gcomparáid leis, faoi threoir sainchúram reachtúil PCSA a bhaint amach ar fud na bliana;
- Forbhreathnú airgeadais ar sholáthair an Príomhfheidhmeannach é do Chomhaltaí an Údaráis ar bhonn míosúil, agus tuarascáil mhionsonraithe a soláthraíodh ar bhonn ráithiúil;
- Soláthraíodh tuarascálacha ábhartha agus tráthúla inar cuimsíodh faisnéis airgeadais agus neamhairgeadais don lucht ardbhainistíochta;
- Rinneadh tuarascálacha foirmiúla ar chaiteachas iarbhír i gcomparáid leis na buiséid a chur faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin ar bhonn míosúil, agus tuairiscíodh iad don Údarás ag deireadh gach ráithe agus don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ag gach ceann dá chruinnithe;
- Rinneadh ionadaíocht do PCSA ag cruinnithe míosúla den Choiste Bainistíochta Airgeadais maidir le Vóta na hEarnála Dlí agus Cirt chun faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar chaiteachas don Ghrúpa Vóta, chun aon saincheisteanna comhchoiteanna airgeadais a phlé agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar mhíreanna suntasacha caiteachais nua; agus
- Ullmhófar Cuntas Leithreasa Bliantúil 2025 i ráithe a haon den bhliain 2026 agus cuimseofar ann an bhliain iomlán go dtí an 31 Nollaig 2025. Leis an gCuntas Leithreasa, comhdhlúthófar ráitis airgeadais an Údaráis Póilíneachta agus Chigireacht an Gharda Síochána go dtí an 31 Márta 2025, mar aon leis na ráitis airgeadais do PCSA ón 2 Aibreán go dtí an 31 Nollaig 2025. Déanfar an Cuntas Leithreasa comhdhlúite sin a chur isteach lena iniúchadh chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Leagtar amach sa rannán seo faisnéis airgeadais i ndáil leis an airgead a leithdháileadh ar PCSA agus i ndáil leis an dóigh ar caitheadh an t-airgead sin sa bhliain. Le linn dó a shainordú a chur i gcrích, faigheann PCSA cistiú díreach ón Státchiste i bhfoirm leithdháileadh bliantúil Caiteachais Vótáilte.

Is é nó í an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta PCSA agus, sa cháil sin, tá sé nó sí cuntasach don Oireachtas maidir leis na cistí go léir arna vótáil do PCSA le haghaidh seirbhísí a sholáthar.

## Caiteachas 2025

An 2 Aibreán 2025, shínigh an tAire Dlí agus Cirt an tOrdú Bunaithe don Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail (PCSA), lena ndearnadh feidhmeanna an dá eagraíocht oidhreachta, eadhon, an tÚdarás Póilíneachta agus Cigireacht an Gharda Síochána, a chumasc faoi struchtúr reatha Vóta 41.

An tráthnóna roimhe sin, an 1 Aibreán, rith an Dáil rún chun Meastacháin Athbhreithnithe na bliana 2025 don Údarás Póilíneachta a tharraingt siar agus chun leithdháileadh cistí (Meastacháin Athbhreithnithe Bhreise) a cheadú do Vóta 41 – PCSA. Is é atá i Meastacháin Athbhreithnithe Bhreise PCSA ná comhdhlúthú Mheastacháin (bhuiséid) an Údaráis Póilíneachta agus Chigireacht an Gharda Síochána 2025 don bhliain airgeadais ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025.

Léirítear san fhaisnéis airgeadais sa tuarascáil seo na Meastacháin Athbhreithnithe Bhreise do Vóta 41 mar a vótáil an Dáil isteach iad an 1 Aibreán. Comhdhlúthaítear sa tuarascáil buiséad agus caiteachas an Údaráis Póilíneachta agus Chigireacht an Gharda Síochána don 12 mhí ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025.

Tá an fhaisnéis airgeadais ar fad faoi réir iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. B’ionann agus €4.572 milliún an t-ollchaiteachas ó Vóta PCSA don bhliain 2025. Áiríodh leis an tsuim sin párolla foirne ab ionann agus €3.759 milliún, a bhí freagrach as 82% den chaiteachas iomlán.

Tá ráitis airgeadais an Údaráis i bhfoirm an Chuntais Leithreasa Bhliantúil, a gcuireann an tOifigeach Cuntasaíochta é faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh. Foilseoidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Cuntas an Údaráis don bhliain 2025 i bhfoilseachán na gCuntas Leithreasa i mí Mheán Fómhair 2026.

Tá anailís ar staid an Vóta agus faisnéis ghaolmhar i leith na bliana 2025 ar fáil sa tuarascáil airgeadais achoimre suas go dtí an 31 Nollaig 2025 in Aguisín 3. Tá an tuarascáil sin faoi réir iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le linn na bliana 2026.

## Costais Leithroinnte

I dteannta na gcostas arna dtabhú go díreach ag PCSA, ní mór costais arna dtabhú ag Ranna agus oifigí eile a chur san áireamh chun léargas foriomlán a thabhairt ar an gcostas a bhaineann le PCSA a oibriú.

Tabhaíodh na costais leithroinnte seo a leanas in áit eile thar ceann PCSA:

- €295,000 faoi Vóta 13 – Oifig na nOibreacha Poiblí i ndáil le cíos agus seirbhísí gaolmhara le haghaidh oifigí an Údaráis;
- €37,000 faoi Vóta 18 – Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta i ndáil le hAcmhainní Daonna agus le Seirbhísí Comhroinnte Párolla agus i ndáil le Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais ón 30 Meán Fómhair 2025 ar aghaidh;
- €30,000 faoi Vóta 24 – An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce i ndáil le Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais suas go dtí an 29 Meán Fómhair 2025; agus
- €70,000 faoi Vóta 43 – Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais, an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, i ndáil le Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide.

## Táillí, Tuarastail agus Caiteachais

Maidir leis an táille bhliantúil is iníoctha le Comhaltaí PCSA don bhliain 2025, tá sí de réir an ráta arna cheadú ag an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe. De réir na dtreoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe maidir le Duine Amháin, Tuarastal Amháin, ní íoctar táille ar bith le seirbhísigh phoiblí atá ag fónamh ar an Údarás.

Comhlíontar go hiomlán na treoirlínte uile ón Rialtas maidir le pá Príomhfheidhmeannach agus fostaithe Comhlachtaí Stáit. Is státseirbhísigh iad fostaithe uile PCSA, agus faigheann siad luach saothair de réir na scálaí tuarastail státseirbhíse atá oiriúnach dá ngrád agus dá seirbhís. B'ionann agus €3.759 milliún an costas párolla foirne iomlán do PCSA sa bhliain 2025. Tháinig méadú ar líon foirne PCSA ó 38 mball foirne an 1 Eanáir 2025 go 54 bhall foirne san iomlán an 31 Nollaig 2025. Taispeántar i dTábla 5 an líon fostaithe ar tháinig na sochair iomlána fostaíochta (lena n-áirítear ÁSPC Fostóra ach gan costais phinsin fostóra a áireamh) a íocadh leo sa bhliain 2025 faoi gach ceann de na bandaí pá seo a leanas:

**Tábla 5:** *Bandaí pá fostaithe 2025*

| Banda Pá | An Líon Fostaithe |
|---|---|
| €60,000 - €70,000 | 7 |
| €70,000 - €80,000 | 4 |
| €80,000 - €90,000 | 2 |
| €90,000 - €100,000 | 1 |
| €100,000 - €110,000 | 6 |
| €110,000 - €120,000 | 1 |
| €120,000 - €130,000 | - |
| €130,000 - €140,000 | 1 |
| €140,000 - €150,000 | 1 |
| €150,000 - €200,000 | 2 |
| €200,000 - €210,000 | - |

B'ionann agus €803,930 an cúiteamh comhiomlán a fuair Foireann Ardbhainistíochta PCSA sa bhliain 2025, agus é comhdhéanta de thuarastail agus ÁSPC Fostóra. Ina theannta sin, íocadh caiteachais iomlána ab fhiú €20,246 i ndáil le taisteal don Fhoireann Ardbhainistíochta le linn dualgais oifigiúla a chomhlíonadh.

Íoctar caiteachais taistil le Comhaltaí agus baill foirne an Údaráis de réir mar is cuí agus de réir Bheartas Taistil PCSA agus nochtar i dTábla 2 agus ar leathanach 17 thuas na suimeanna a íocadh le Comhaltaí agus leis an bPríomhfheidhmeannach. B'ionann agus €760 an caiteachas iomlán i ndáil le fáilteachas agus bronntanais sa bhliain 2025.

## Caiteachas Comhairleoireachta

Bhain caiteachas iomlán ab ionann agus €68,742 sa bhliain 2025 le comhairleoireacht sheachtrach agus le táillí comhairleora, atá aicmithe mar a leanas:

- Dlí: €56,719
- Comhairleach: €12,023

## Cánachas

Chomhlíon PCSA na hoibleagáidí a bhí air faoin dlí cánach sa bhliain 2025.

## An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tá sé mar bheartas ag PCSA téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a chomhlíonadh ina n-iomláine. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag PCSA chun a chinntiú go n-íocfar sonraisc laistigh den teorainn ama reachtúil. Cé gur dearadh na nósanna imeachta chun comhlíonadh an Achta a chinntiú, ní thugtar leo ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, nach mbeidh neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta ann.

Sa bhliain 2025, tabhaíodh pionóis íocaíochta déanaí maidir le trí shonrasc. B'ionann agus €40.03 (atá comhdhéanta de €0.03 in ús agus €40 i gcúiteamh) suim iomlán na bpionós a íocadh le linn na bliana 2025 mar thoradh ar íocaíochtaí déanacha. Is ionann an tsuim sin agus 0.04% de luach iomlán na sonrasc a íocadh go déanach, arbh ionann é agus €912.61.

**Tábla 6:** *Caiteachas ar Vóta PCSA don 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2025 (faoi réir iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste)*

| | Soláthar Meastacháin €000 | Caiteachas €000 |
|---|---|---|
| **A (i) Tuarastail, Pá agus Liúntais** | | |
| Tuarastail, etc. | 4,320 | 3,759 |
| Ragobair | - | - |
| **Iomlán A (i)** | **4,320** | **3,759** |
| | | |
| **A (ii) Taisteal agus Cothú** | | |
| 1. Taisteal agus Cothú | 87 | 72 |
| 2. Íocaíocht Fritháirithe Astaíochtaí Aerthaistil | 1 | - |
| **Iomlán A (ii)** | **88** | **72** |
| **A (iii) Oiliúint agus Forbairt** | | |
| 1. Oiliúint agus Forbairt Foirne | 106 | 53 |
| **Iomlán A (iii)** | **106** | **53** |
| | | |

| | Soláthar Meastacháin €000 | Caiteachas €000 |
|---|---|---|
| **A (iv) Seirbhísí Oibriúcháin, Soláthairtí agus Trealamh Ilghnéitheach** | | |
| 1. Seirbhísí Poist, Cúiréireachta agus Seachadta | 3 | - |
| 2. Caidreamh Poiblí agus Fógraíocht | 65 | 25 |
| 3. Costais cruinnithe gnó agus imeachtaí | 40 | 54 |
| 4. Foilseacháin, Tuarascálacha, Tréimhseacháin, etc. | 28 | 12 |
| 5. Siamsaíocht | 2 | 1 |
| 6. Ilghnéitheach | 836 | 155 |
| 7. Táillí agus Caiteachais Comhaltaí | 180 | 176 |
| **Iomlán A (iv)** | **1,154** | **423** |
| | | |
| **A (v) Caiteachais Dhigiteacha, Infheistíochta Caipitil agus TF** | | |
| 1. Costais Chaipitil agus Reatha TF | 132 | 150 |
| 2. Innealra Oifige, stáiseanóireacht agus soláthairtí priontála | 76 | 10 |
| 3. Táillí teileafóin | 29 | 12 |
| **Iomlán A (v)** | **237** | **172** |
| | | |
| **A (vi) Caiteachais Áitribh** | | |
| 1. Cothabháil | 199 | 48 |
| 2. Teas, Solas agus Breosla | 70 | 25 |
| 3. Troscán agus Feistis | 30 | 8 |
| **Iomlán A (vi)** | **299** | **81** |
| | | |
| **A (vii) Athbhreithnithe ar Pholasaithe, Seirbhísí Comhairleoireachta agus Taighde** | **80** | **12** |
| | | |
| **Ollchaiteachas** | **6,284** | **4,572** |
| | | |
| ***Lúide*** | | |
| | | |
| **B. Leithreasaí-i-gCabhair** | | |
| Tobhach Pinsin | 118 | 118 |
| Fáltais Ilghnéitheacha | 8 | - |
| **Iomlán na Leithreasaí-i-gCabhair** | **126** | **118** |
| | | |
| **Glanchaiteachas** | **6,158** | **4,454** |

# 11 Ráiteas an Chathaoirligh faoi Rialú Inmheánach

Admhaím freagracht an Údaráis Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail as an gcóras rialaithe inmheánaigh.

Ní féidir lena leithéid de chóras rialaithe inmheánaigh ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú substaintiúil, a thabhairt in aghaidh earráid ábhartha. Le linn dó éifeachtacht na rialuithe inmheánacha a bhreithniú, bhí aird ag PCSA ar cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, i measc nithe eile, agus tá dianiarracht á déanamh aige ó uair a bhunaithe an 2 Aibreán 2025 i leith ceanglais an Chóid a chomhlíonadh a mhéid is cuí do ghníomhaireacht bheag neamhspleách neamhthráchtála.

Maidir leis na nósanna imeachta a cuireadh chun feidhme, agus iad deartha chun rialú inmheánach éifeachtach a sholáthar, cuireadh in oiriúint iad chun méid agus castacht na heagraíochta agus cineál athraitheach PCSA a léiriú. Sa chomhthéacs sin, tugaim faoi deara gur bhain cion mór de chaiteachas PCSA sa bhliain 2025 le costais phá ar riar an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Párolla san Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte iad agus, dá bhrí sin, tá siad faoi réir na gcóras rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear iniúchóireacht inmheánach, atá i bhfeidhm san eagraíocht sin. Rinne na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais, an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais, an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, seirbhísí eile acmhainní daonna, TFC agus próiseála idirbheart airgeadais a ghabháil de láimh thar ceann an Údaráis.

Rinne an tÚdarás roinnt beart chun a chinntiú gurb ann do thimpeallacht chuí rialaithe trí thabhairt faoi na nithe seo a leanas:

- Freagrachtaí an lucht bainistíochta a shainiú go soiléir;
- Deighilt shoiléir a chur ar bhonn foirmiúil idir feidhmeanna agus cumhachtaí an Údaráis agus na Foirne Feidhmiúcháin;
- Ceanglais tuairiscithe thráthrialta a shocrú maidir le nithe airgeadais, riosca agus rialachais;
- Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a chur ar bun;
- Cód Iompair a bhunú agus a fhoilsiú do Chomhaltaí agus baill foirne PCSA;
- A chinntiú go bhfuil baill foirne oilte go cuí agus go bhfuil an taithí chuí acu; agus
- Féachaint le cultúr láidir agus luachanna láidre lena spreagtar ardchaighdeáin iompraíochta eiticiúla ar fud na heagraíochta a bhunú.

Buanmhír ar an gclár oibre ag cruinnithe míosúla an Údaráis is ea riosca, ar lena linn a dhéantar faireachán ar rioscaí ardleibhéil agus ar ghníomhartha maolaithe agus a thugtar aghaidh ar riosca i gcomhthéacs na gcinntí suntasacha uile ón Údarás. Tá córas bainistíochta riosca PCSA leabaithe ar fud na heagraíochta, agus déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca formhaoirsiú ar oibriú an chórais bainistíochta riosca.

Sa bhliain 2025, bhí PCSA i mbun córas oibre hibridí, atá comhdhéanta d'obair san oifig, de chianobair agus de chuairteanna ar láithreáin. Tugann an Fhoireann Ardbhainistíochta, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, Iniúchóirí Inmheánacha agus an tÚdarás aird ghéar ar an tionchar atá aige sin ar oibríochtaí PCSA i gcoitinne agus ar an timpeallacht rialaithe ina n-oibríonn an tÚdarás.

Ba iad rioscaí a bhaineann leo seo a leanas na rioscaí suntasacha a sainaithníodh sa bhliain 2025:

- Athruithe sa bhonneagar póilíneachta agus sa bhonneagar formhaoirsiúcháin póilíneachta a eascraíonn as an Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, as ionchais athraitheacha na bpáirtithe leasmhara, agus as bunú eagraíochta nua;
- An rochtain thráthúil/chuí ar fhaisnéis a theastaíonn ó PCSA chun a fhreagrachtaí reachtúla formhaoirsiúcháin a chomhlíonadh;
- Nithe a bhaineann le baill foirne a earcú, a choinneáil agus a fhorbairt, á chinntiú go mbíonn go leor acmhainne ag PCSA chun a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh; agus
- Cosaint sonraí, slándáil faisnéise, agus faisnéis rúnda / íogair a rialú, agus na hoibleagáidí iomchuí a chomhlíonadh.

D'fhreagair PCSA do na rioscaí sin trí na gníomhartha seo a leanas:

- Feasacht ar ról PCSA a chur chun cinn i measc na bpáirtithe leasmhara go léir;
- Caidreamh fairsing a dhéanamh le comhpháirtithe, lena n-áirítear an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus an Garda Síochána;
- Próisis a chur i bhfeidhm le haghaidh faisnéis chriticiúil formhaoirsiúcháin a shainaithint agus a scaipeadh; agus
- Infheistíocht a dhéanamh i gcórais agus in oiliúint, agus timpeallacht rialaithe éifeachtach agus cultúr rialaithe éifeachtach a choinneáil ar bun, áit a mbeidh beartais agus nósanna imeachta iomchuí curtha chun feidhme.

Áiríodh iad seo a leanas leis na nósanna imeachta maidir le faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha:

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, a bunaíodh i mí na Bealtaine 2025, tháinig sé le chéile ceithre huaire sa bhliain 2025. Tíolacfar an chéad Tuarascáil Bhliantúil de chuid an Choiste don Údarás i dtús na bliana 2026 agus cuirfear ar fáil í ina dhiaidh sin lena léamh ar shuíomh Gréasáin PCSA.

Beidh Tuarascáil Bhliantúil an Choiste bunaithe go páirteach ar an ngníomhaíocht a dhéanann an Soláthraí Iniúchóireachta Inmheánaí agus an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, mar iniúchóir seachtrach an Údaráis. Áirítear leis an ngníomhaíocht sin an t-athbhreithniú bliantúil ar an gcóras rialaithe inmheánaigh – rud a ndearna an soláthraí Iniúchóireachta Inmheánaí é i ráithe 1 den bhliain 2025 agus a tíolacadh do Choiste Iniúchóireachta agus Riosca roimhe an Údaráis Póilíneachta i mí an Mhárta 2025. Is é measúnú na tuarascála seo ná gur féidir dearbhú substaintiúil a chur ar leordhóthanacht agus éifeachtacht oibriúcháin na rialuithe chun na rioscaí a bhféadfadh an réimse iniúchóireachta a bheith neamhchosanta orthu a mhaolú agus/nó a bhainistiú.

Áirítear leis an ngníomhaíocht freisin iniúchadh bliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ar tíolacadh na torthaí air do Choiste Iniúchóireachta agus Riosca PCSA i mí na Samhna 2025 i ndáil le Cuntas Leithreasa 2024.

Dá réir sin, is deimhin liom gur chomhall an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a ról go cuí le linn thionacht an Údaráis Póilíneachta.

## Éagsúlacht agus Cuimsiú

Tá PCSA tiomanta do chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn agus aithníonn sé nach iad na méadrachtaí eacnamaíocha na méadrachtaí tábhachtacha amháin do chomhlachtaí Stáit, ach go n-áirítear leo freisin méadrachtaí cultúir, éagsúlachta agus cuimsithe mar aon le folláine na ndaoine atá á bhfostú, rud lena gcothaítear caidreamh níos fearr i measc na foirne agus na bpáirtithe leasmhara agus lena gcumasaítear torthaí níos fearr a bhaint amach do shaoránaigh agus do phobail dá bharr.

Is ag an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce atá an tsainphribhléid i ndáil le Comhaltaí an Údaráis a cheapadh agus, dá bhrí sin, i ndáil le nithe a bhaineann le héagsúlacht chomhaltas an Údaráis. Féachann an tÚdarás, áfach, lena chinntiú go mbeidh éagsúlacht tuairimí, eispéireas agus dearcthaí ina cuid lárnach d’obair PCSA trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Raon fairsing tuairimí a iarraidh ó Chomhaltaí an Údaráis, ó chomhaltaí coistí agus ó bhaill foirne ag gach cruinniú de chuid PCSA agus a Choistí agus fáiltiú roimh na tuairimí sin;
- Tabhairt faoi chlár fairsing caidrimh le páirtithe leasmhara i gcomhlíonadh fheidhmeanna formhaoirsiúcháin PCSA. Áirítear leis sin díriú ar eispéireas na bpobal éagsúil, lena n-áirítear éagsúlacht i ndáil leo seo a leanas: eitneacht, cine, inscne, stádas socheacnamaíoch, etc.;
- Caidreamh a dhéanamh leis an bpobal taighde, lena n-áirítear taighde a choimisiúnú chun eispéireas na bpobal mionlaigh agus éagsúil a ghabháil agus chun cloisteáil ó na pobail sin; agus
- Díriú a leagan ar chearta an duine le linn breithniú agus measúnú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht póilíneachta agus ar an mórghníomhaíocht formhaoirsiúcháin.

Leithdháileann PCSA na cistí a theastaíonn chun a chinntiú go gcuirtear freastal réasúnta ar fáil do bhaill foirne faoi mhíchumas chun cur ar a gcumas páirt iomlán a ghlacadh san áit oibre.

## Rialuithe Airgeadais agus Bainistíochta

Tá rialuithe airgeadais cuí i bhfeidhm agus doiciméadaithe, lena n-áirítear nósanna imeachta airgeadais, leithscaradh dualgas, maoirseacht chuí, teorainneacha údarúcháin agus ceadúcháin, próisis chuntasaíochta, rialú ar shócmhainní fisiciúla agus athbhreithniú ón lucht bainistíochta.

Tá córais chuí bhuiséadta agus faireacháin ar bun, agus iad bunaithe ar thaifid airgeadais arna gcothabháil ag na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt faoi Chomhaontú Seirbhíse Comhroinnte. Aistríodh na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais go rathúil chuig an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) i mí Mheán Fómhair 2025 mar chuid de mhórchlár seirbhísí comhroinnte earnála poiblí. Leis an aistriú sin, tugadh isteach athruithe suntasacha ar shocruithe soláthair agus ar shocruithe próiseála airgeadais, lenar áiríodh córais nua, sreafaí oibre athbhreithnithe, ceanglais maidir le soláthraithe a ionduchtú, struchtúir chódúcháin, agus próisis láraithe cuntas iníoctha. Fuarthas dearbhú ó Oifigigh Chuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le leordhóthanacht na gcóras sin agus na rialuithe inmheánacha gaolmhara. Tá tuilleadh córas oibríochtúil le haghaidh bainistiú faisnéise ag PCSA i bhfeidhm nó á bhforbairt de réir gníomhaíochtaí gnó agus ceanglais ghnó.

Comhlíonann PCSA na rialacha agus treoirlínte ábhartha reatha maidir le soláthar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

## Iniúchóireacht Inmheánach

Rinneadh feidhm iniúchóireachta inmheánaí don Údarás Póilíneachta a bhí ann roimhe sin a bhunú i mí Eanáir 2017 agus tá soláthraí seirbhíse seachtrach ag soláthar na feidhme sin ón uair sin i leith. Faigheann feidhm iniúchóireachta inmheánaí an Údaráis tacaíocht ó Crowleys DFK, a sholáthraí iniúchóireachta inmheánaí, a conraíodh tar éis próiseas soláthair a seoladh sa bhliain 2024. Lean an conradh sin ar aghaidh go dtí gur bunaíodh PCSA. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca formhaoirsiú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí, lena n-áirítear an plean oibre bliantúil. Amhail an 31 Nollaig 2025, ní raibh aon mholtaí ar oscailt don tréimhse 2017-2025 (agus an dá bhliain sin san áireamh).

## Conclúid

Le linn athbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais Iniúchóireachta Inmheánaí, leagtar spleáchas ar na nithe seo a leanas:

- An phleanáil agus obair iniúchóireachta rioscabhunaithe Iniúchóireachta Inmheánaí a gabhadh de láimh sa bhliain 2025, agus tuarascálacha gaolmhara iniúchóireachta inmheánaí, go háirithe an t-athbhreithniú bliantúil ar rialuithe inmheánacha a gabhadh de láimh i mí Feabhra 2025;
- Tuarascálacha agus athbhreithnithe ón lucht bainistíochta, lena n-áirítear maidir leis an dul chun cinn ar mholtaí ó iniúchtaí, tosaíochtaí corparáideacha agus gníomhartha de chuid an Údaráis a chur chun feidhme;
- Clár Rioscaí PCSA;
- An obair a ghabh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca de láimh;
- An tuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar a iniúchadh ar an gCuntas Leithreasa; agus

- Dearbhuithe ó eagraíochtaí seachtracha ar seachfhoinsíodh feidhmeanna chucu, lena n-áirítear:
- An tArd-Rúnaí, an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, i ndáil le Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais;
- Tuarascáil Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce ar Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais;
- Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais, an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, i ndáil le TFC; agus
- An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i ndáil le soláthar Acmhainní Daonna, Seirbhísí Comhroinnte Párolla, agus Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais.

Athbhreithníonn Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste an córas rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear an Ráiteas seo ar Rialú Inmheánach, mar chuid den iniúchadh ar an gCuntas Leithreasa chun a dheimhniú an bhfuil an tÚdarás ag comhlíonadh cheanglais Mhír 1.9 (iv) den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus an bhfuil sé i gcomhréir leis an bhfaisnéis a bhfuil siad ar an eolas fúithi óna n-obair iniúchóireachta.



**Elaine Byrne**
**Cathaoirleach**
**31 Márta 2026**

# 12 Gníomhú ar son na hAeráide agus Úsáid Fuinnimh 2025

Tá an tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail (PCSA) lonnaithe ar urlár amháin d'fhoirgneamh cúig stór ag 90 Sráid an Rí Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7. Tháinig méadú 16 fhostaí ar an líon fostaithe le linn na bliana 2025, agus bhí 54 bhall foirne ann ag an 31 Nollaig 2025.

Tá PCSA tiomanta don phlean uile-Rialtais i leith laghdú carbóin. Agus é ag leanúint den obair roimhe a rinne an tÚdarás Póilíneachta ag an áitreabh ag 90 Sráid an Rí Thuaidh, tapaíonn PCSA na ndeiseanna uile atá ar fáil le bearta a shainaithint le haghaidh feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar thionscnaimh ghlasa.

A mhéid is indéanta, chomhlíon PCSA a fheidhmeanna ar bhealach a bhí comhsheasmhach le cur chun cinn an chuspóra náisiúnta aeráide atá leagtha amach san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2021. Sa bhliain 2025, thuairiscigh sé ar shonraí na bliana 2024 mar chomhlacht faoi choimirce a bhí faoi shainchúram na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, agus cuireadh figiúirí PCSA ar áireamh sna tuairisceáin fhoriomlána reachtúla Mhonatóireachta agus Tuairiscithe ón Roinn.

Le linn na bliana 2025, chónaisc PCSA sonraí an dá eagraíocht oidhreachta, eadhon, an tÚdarás Póilíneachta agus Cigireacht an Gharda Síochána, ón mbliain 2016 go dtí an bhliain 2024, agus chuir sé sásra tuairiscithe ar bun do PCSA chun tuairisciú go díreach d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) ón mbliain 2025 ar aghaidh.

Leanann PCSA de theagmháil a dhéanamh lena mháthair-roinn agus le SEAI araon, agus tá sé tiomanta fós do roinnt tionscnamh a fhiosrú agus a thabhairt isteach maidir lena úsáid leictreachais, gáis agus uisce a laghdú agus le cleachtais atá tíosach ar fhuinneamh a chur chun cinn i measc baill foirne i dtimpeallacht hibrideach oibre.

Ar aon dul le Sainordú nuashonraithe na hearnála poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide don bhliain 2025, a foilsíodh sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025, shínigh an Príomhfheidhmeannach Treochlár PCSA um Ghníomhú ar son na hAeráide an 15 Deireadh Fómhair 2025 agus foilsíodh é ar ár suíomh Gréasáin. Leis sin, comhlíontar an ceanglas maidir le Plean Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Acmhainní a fhoilsiú.

Tá nósanna imeachta cuí le haghaidh úsáid fuinnimh a bhainistiú agus le haghaidh gníomhú ar son na haeráide a chur chun feidhme i bhfeidhm laistigh de PCSA, lena n-áirítear:

- Ainmníodh "Curadh Glas" ar leibhéal an Lucht Ardbhainistíochta chun freagracht a ghlacadh as feabhsuithe agus nuálaíocht a bhrú chun cinn sa réimse seo.

- Maidir le comhlíonadh Chiorclán 1/2020 i dtaca le hastaíochtaí aerthaistil a fhritháireamh, ríomhann PCSA costas na n-astaíochtaí aerthaistil ar bhonn bliantúil, agus cuireann sé íocaíocht faoi bhráid an Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i ndáil leis na hastaíochtaí sin a fhritháireamh. Rinneadh íocaíocht ab ionann agus €260.38 an 29 Eanáir 2026 i ndáil leis an mbliain 2025 chun na hastaíochtaí a bhaineann le 37,700 km d'aerthaisteal oifigiúil sa bhliain 2025 a fhritháireamh.

- Leanann PCSA lena iarrachtaí i réimse an ghníomhaithe ar son na haeráide agus le húsáid fuinnimh a íoslaghdú trí roinnt tionscnamh. Áirítear leo sin:
  - Dramhaíl a chuíchóiriú agus leithscaradh dramhaíola a fheabhsú;
  - Próisis gan pháipéar agus beartas 'cóip bhog mar réamhshocrú' a thabhairt isteach;
  - Scor d'úsáid a bhaint as cupáin, plátaí agus sceanra atá indiúscartha. In imthosca eisceachtúla i gcás gur gá, úsáidtear míreanna in-bhithmhillte; agus
  - Taisteal gnó inbhuanaithe a chur chun cinn i measc na mball foirne agus na gComhaltaí.

- Tá PCSA tar éis Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide a tháirgeadh chun feidhmiú mar threoir do struchtúr, rialachas agus gníomhartha PCSA a bhaineann le hinbhuanaitheacht chomhshaoil.

- Bunaíodh Foireann Ghlas ina bhfuil ionadaíocht ó gach Stiúrthóireacht. Tá Cairt chomhaontaithe ag an bhFoireann Ghlas ina bhforáiltear gurb é aidhm na Foirne Glaise:
  - Lorg comhshaoil na heagraíochta a laghdú;
  - Timpeallacht chompordach oibre a chinntiú;
  - Comhghleacaithe a mhealladh mar chomhpháirtithe i gcleachtais ghnó inbhuanaithe i bpróisis agus i saoráidí; agus
  - Cur chun cinn a dhéanamh ar fheasacht ar chleachtais chomhshaoil agus ar thionchair chomhshaoil i gcomhthéacs níos leithne, amhail iompar chun na hoibre, le linn obair ón mbaile, agus i ngnáthshaol laethúil na mball foirne.

- Tá an fhoireann gafa le cur chun feidhme a dhéanamh ar chleachtais ghlasa agus tionscnaimh coigilte fuinnimh a bhaineann leis an oifig agus lena dteach féin agus iad ag obair go cianda, trí phlé agus ceardlanna amhail laethanta caidrimh eagraíochta.

- Cinntíonn PCSA, trína Straitéis Foghlama agus Forbartha, gur cuireadh oiliúint theicniúil agus iompraíochta chuí i ngníomhú ar son na haeráide agus ceardlanna ina leith don fhoireann ar áireamh i bpleananna foghlama agus forbartha foirne. Cuirtear cúrsaí oiliúna leanúnacha i ngníomhú ar son na haeráide agus in inbhuanaitheacht aeráide ar áireamh i rianaire oiliúna na heagraíochta a scaiptear ar gach ball foirne.

- Tá úsáid as foirgneamh comhroinnte ag PCSA. Le linn na bliana 2024, triaileadh méadar chun mionsonraí níos sonraí a fháil faoi úsáid fuinnimh san Údarás, rud a mbíonn faireachán á dhéanamh air ar bhonn leanúnach.

- Déanfar tomhaltas fuinnimh PCSA don bhliain 2025 a thuairisciú go díreach do SEAI sa bhliain 2026.

PCSA